



Curaclam na
Bunscoile

Primary School
Curriculum

Tíreolaíocht

Oideachas Sóisialta, Imshaoil
agus Eolaíochta

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara



Tíreolaíocht

Oideachas Sóisialta, Imshaoil
agus Eolaíochta

Curaclam

Clár

Réamhrá

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta	2
An curaclam OSIE	2
Aidhmeanna	5
Tíreolaíocht: tuiscint don domhan	6
An curaclam tíreolaíochta	6
Aidhmeanna	14
Cuspóirí leathana	14

Ranganna naíonán

Foramharc	17
Pleanáil	18
Forbairt scileanna agus coincheap	22
Ábhar	24

Ranganna 1 agus 2

Foramharc	29
Pleanáil	30
Forbairt scileanna agus coincheap	34
Ábhar	38

Ranganna 3 agus 4

Foramharc	45
Pleanáil	46
Forbairt scileanna agus coincheap	50
Ábhar	54

Ranganna 5 agus 6

Foramharc	63
Pleanáil	64
Forbairt scileanna agus coincheap	68
Ábhar	72

Measúnú

Measúnú in OSIE	88
Measúnú sa tíreolaíocht	90

Aguisín

Gluais	100
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE	108
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta	109

Réamhrá

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta

Cuireann oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) deiseanna ar fáil don pháiste na diminsiúin nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha den imshaol áitiúil agus d'imshaoil níos fairsinge a iniúchadh agus a imscrúdú agus tuiscint orthu a shaothrú; raon leathan scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus dearcadh oscailte criticiúil freagrach a ghnóthú. Cuireann OSIE ar chumas an pháiste maireachtáil mar bhall eolach cásmhar den phobal áitiúil agus de phobail níos fairsinge.

Bíonn OSIE ar siúl laistigh dá lán achar den churaclam, agus saibhríonn sé iad uile. Ar an mbealach sin téann sé chun leasa go suntasach dá lán gnéithe d'fhorbairt an pháiste. Sa churaclam seo tá OSIE leagtha amach faoi thrí cheannteideal: stair, tíreolaíocht agus eolaíocht. Comhlíonann gach ceann de na réimsí seo páirt leithleach a chuireann ar chumas an pháiste na himshaoil nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha ina gcónaíonn sé/sí a iniúchadh agus a thuiscint.

An curaclam OSIE

An téarma 'imshaol' a thuiscint

Tá tuiscint ar an téarma 'imshaol' mar chuid bhunúsach d'aon tuiscint ar an oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta. Sa churaclam seo úsáidtear an focal 'imshaol' chun an timpeallacht nó na dálaí seachtracha a n-idirghníomhaíonn an rud aonair (pé acu daonnaí nó orgánach beo eile) nó pobal leo a chur in iúl.

Is féidir imshaoil a roinnt in dhá ghrúpa leathana. Cumtar na *himshaoil nádúrtha* den chuid is mó de thoradh idirghníomhú ghnéithe agus phróisis fhisiceacha an domhain, a phlandaí agus a ainmhithe. Samplaí d'imshaoil nádúrtha is ea foraois bháistí thrópaiceach, móinteach nó cladach carraigeach.

In Éirinn tá an tírdhreach modhnaithe agus athraithe go mór ag gníomhaíocht dhaonna i gcaitheamh na mílte bliain. *Imshaoil dhaonna* a thugtar ar imshaoil a modhnaíodh sa tslí seo. Ceantair a ndeachaidh athrú orthu trí láithreacht daoine, ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, thochailt mianach, sholáthar bóithre agus nasc cumarsáide eile agus thógáil foirgneamh, is samplaí iad go léir d'imshaoil dhaonna.

Déantúis daoine thar aon rud eile a bhíonn i roinnt imshaol daonna, amhail ceantair uirbeacha, agus *imshaoil fhoirgnithe* a thugtar orthu seo. Fásann imshaoil dhaonna eile de thoradh gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha, agus is daoine a chruthaíonn iad seo go hiomlán. De réir mar a bhíonn daoine ina gcónaí agus ag obair le chéile, tagann patrúin shóisialta, gaolmhaireacht, córais agus institiúidí chun cinn agus déantar

eispéireas daonna, eolas, luachanna agus creidimh a chur in iúl, a fhorbairt agus a bhuanú trí raon gníomhaíochtaí cultúrtha. Gnéithe d'*imshaoil shóisialta* is ea patrúin iompraíochta daonna, na hinstitiúidí sóisialta atá saothraithe ag daoine agus na córais pholaitíochta agus eacnamaíochta a úsáideann siad; gnéithe d'*imshaoil chultúrtha* is ea gníomhaíochtaí ealaíonta, reiligiúnacha, eitneacha, eolaíocha, teicneolaíocha agus caithimh aimsire.

Iniúchadh agus imscrúdú

Saintréith bhunúsach den fhoghlaím a dhéantar in OSIE is ea an páiste a bheith páirteach in iniúchadh agus imscrúdú gníomhach na n-imshaoil seo go léir.

In oideachas tíreolaíoch iniúchann páistí gnéithe i dtimpeallachtaí nádúrtha agus daonna agus cuireann siad eolas orthu, go háirithe ar na gnéithe atá sa gharchomharsanacht. Imscrúdaíonn siad na próisis a chruthaíonn, a chothaíonn nó a athraíonn, idir ghnéithe fisiceacha an imshaoil agus idirghníomhú daoine lena chéile agus lena n-imshaoil sa chomharsanacht agus i gcomhthéacsanna níos fairsinge.

Treisiúnn oideachas eolaíochta eolas agus tuiscint na bpáistí orthu féin agus ar an domhan ina maireann siad. Tugann sé ar na páistí bheith gníomhach i dtógáil a dtuisceana féin. Athraíonn an tuiscint seo de réir mar a thagann forbairt ar eispéireas na bpáistí. Cothaíonn cur chuige eolaíoch i leith imscrúduithe forbairt scileanna, coincheap agus eolais—rudaí a bhfuil tábhacht leo agus trínar féidir le páistí dúile beo agus a n-imshaoil, ábhair, fórsaí, eachtraí agus fadhbanna coitianta a bhreathnú, a cheistiú, a imscrúdú agus a thuiscint agus smaoineamh orthu go loighciúil. Is féidir an t-eolas agus na scileanna a ghnóthaítear a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí deartha agus déanta, gníomhaíochtaí inar léir do na páistí an gá le gnéithe dá n-imshaoil a chruthú nó a mhodhnú.

Cuireann oideachas staire ar chumas páistí eachtraí tábhachtacha sa saol atá díreach caite acu féin, sa saol atá caite ag a dteaghlaigh agus ag pobail áitiúla agus eachtraí i stair daoine in Éirinn agus i gcodanna eile den domhan a imscrúdú agus a bhreathnú go criticiúil. Forbraíonn an stair tuiscint ar ghníomhartha, ar chreidimh agus ar inspreagadh daoine san am atá thart, agus tá sí fíor-riachtanach chun go mbeadh léirithuiscint eolach ag an duine ar an tsochaí chomhaimseartha agus ar imshaoil an lae inniu.

Luachanna, dearcadh agus freagrachtaí

Baineann OSIE freisin le luachanna tábhachtacha agus dearcadh tábhachtach a bheith á gcothú. Cothaíonn sé léirthuisicint ar na comhghaolta atá idir na dúile beo uile agus a n-imshaoil agus gríosáíonn sé páistí chun bheith ina ngníomhaithe feidhmiúla agus imshaoil á gcaomhnú do na glúine atá le teacht. Trí mheán a n-imscrúduithe saothraíonn páistí léargas eolach criticiúil eolaíoch a aithníonn a thábhachtaí atá sé aird a bheith acu ar fhíorais, ar chruinneas agus ar réasún agus iad ag teacht ar bhreithiúnais. Féachann OSIE le léirthuisicint ar an oidhreacht chultúrtha agus ar an oidhreacht stairiúil a ghiniúint agus cothaíonn sé aerbhrat don chomhionannas agus don deis, ina mbíonn meas agus luach ar fhir agus mhná araon, ar ilghnéitheacht chultúrtha, ar mhionlaigh agus ar riachtanais speisialta. Cuirtear in aghaidh claontachta agus leithcheala agus cothaítear meas agus comhthuisicint.

Comhtháthú

I rith bhlianta na bunscolaíochta, soláthraíonn imshaoil an pháiste, go háirithe na cinn áitiúla, comhthéacsanna den scoth agus spreagthach áititheach do chomhtháthú na foghlama. Úsáidtear na ceannscríbhinní ábhar stair, tíreolaíocht agus eolaíocht chun cur i láthair an churaclaim a éascú, agus is cuid thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha agus intleachtúil an pháiste bheith feasach fúthu. Tugann gach ábhar dearcadh leithleach ar an domhan agus soláthraíonn sé raon sainiúil scileanna do pháistí. Ní ceart, áfach, go dtiocfadh roinnt seo na n-ábhar salach ar chur i bhfeidhm éifeachtach curaclaim chomhtháite. Beidh páirt thábhachtach le comhlíonadh ag modhanna dea-phleanáilte comhtháite laistigh de OSIE agus idir OSIE agus achair churaclaim eile araon, nuair a bhíonn an curaclam bunscoile á fheidhmiú ag gach leibhéal. Is féidir le topaicí dea-phleanáilte comhtháite comhthéacsanna a sholáthar inar féidir eolas agus scileanna a fhorbairt i raon achar. Is féidir a lán gnéithe de na curaclaim sa stair, san eolaíocht agus sa tíreolaíocht a iniúchadh ag an am céanna, agus cuideoidh go leor den obair a dhéanfar le teanga ó bhéal, litearthacht, uimhearthacht, feasacht aeistéitiúil, léiriú cruthaitheach agus scileanna cumarsáide a fhorbairt.

Tá roinnt gnéithe comhshnaidhmthe sa churaclam d'fhonn comhtháthú éifeachtach a éascú. I gcás páistí óga is fearr tabhairt faoi OSIE ar bhealach iomlánaíoch, toisc go luíonn sé seo leis an dearcadh neamhroinnte a bhíonn acu ar an domhan. Dá réir sin, tá riar maith athrá agus comhchosúlachta curtha isteach san ábhar teagaisc a mholtar i snáitheanna agus i snáithaonaid na dtrí ráiteas curaclaim do na ranganna

naíonán agus do ranganna 1 agus 2. Gheofar tuilleadh moltaí mar gheall ar staidéir chomhtháite sna treoirlínte do mhúinteoirí a ghabhann leo seo.

De réir mar a théann páistí in aois aithníonn siad de réir a chéile go bhfuil bealaí nó modhanna difriúla ann chun breathnú ar an domhan agus chun eolas daonna a eagrú. Mar sin is féidir éagsúlacht a chothú sna straitéisí teagaisc agus cur chuige iomlánaíoch roinnt den chomhtháthú traschuraclaim agus fócas ábharlárnach a bheith iontu. Tagraítear do naisc thraschuraclaim agus do staidéir chomhtháite inúsáidte in ábhar na ráiteas curaclaim do ranganna 3 go dtí 6. Is mar mholtaí amháin ba chóir breathnú orthu sin: soláthraíonn daoine agus a ngníomhaíochtaí, dúile beo eile, gnéithe, ábhair, eachtraí agus próisis atá le fáil in imshaoil áitiúla agus in imshaoil níos fairsinge a lán deiseanna eile cur chuige comhtháite a chleachtadh san fhoghlaim. Úsáideann cur chuige dá leithéid am teagaisc agus foghlama go héifeachtúil agus aithnítear ann go bhfuil forás sóisialta, mothúchánach, dearcaidh agus morálta an pháiste fite fuaite i ngnóthú eolais agus scileanna.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an oideachais shóisialta, imshaoil agus eolaíochta ná

- a chur ar chumas an pháiste eolas, scileanna agus dearcadh a shealbhú i dtreo go saothrófar tuiscint eolach chriticiúil ar shaincheisteanna sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- fiosracht agus samhlaíocht mar gheall ar imshaoil áitiúla agus cinn níos fairsinge a threisiú agus a spreagadh
- a chur ar chumas an pháiste páirteanna freagracha a ghlacadh mar dhuine aonair, mar bhall de theaghlach agus mar bhall de phobail áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus dhomhanda
- tuiscint agus cásmhaireacht a chothú i dtaca le comhspleáchas iomlán gach daonnaí, gach dúile beo agus an Domhain ina maireann siad
- aireachtáil a chothú sa pháiste go bhfuil sé/sí freagrach as cúram fadtéarmach an imshaoil maille le rún úsáid inbhuanaithe acmhainní an Domhain a chur chun cinn trína stíl mhaireachtála phearsanta agus trí bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhchoitianta mar gheall ar an imshaol
- dearcadh daonnachtúil freagrach a chothú maille le léirthuisicint ar an domhan de réir creideamh agus luachanna.

Tíreolaíocht: tuiscint don domhan

Staidéar ar an Domhan, ar a áitritheoirí agus na comhghaolta atá eatarthu i gcomhthéacs áite, spáis agus imshaoil is ea an tíreolaíocht. Baineann sí le nádúr, dáileadh agus idirghníomhú gnéithe daonna agus nádúrtha ar dhromchla an Domhain, leis na próisis a chruthaíonn, a chothaíonn nó a athraíonn na gnéithe sin, agus leis an tionchar a bhíonn acu ar nádúr sainsiúil áiteanna.

Cabhraíonn an tíreolaíocht le páistí ciall a bhaint as a dtimpeallacht agus as an domhan mór. Trí staidéar a dhéanamh ar a n-imshaol áitiúil agus ar cheantair eile foghlaimíonn páistí faoi dhaoine, faoi áiteanna agus faoi na comhghaolta atá eatarthu. Éiríonn leo tuiscint a fháil ar na próisis agus na patrúin, idir nádúrtha agus dhaonna, atá le fáil sna himshaoil seo, agus tig leo léirithuiscint ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir áiteanna a fhorbairt. Soláthraíonn an tíreolaíocht freisin deiseanna chun raon scileanna imscrúdaithe, grafacha agus eile a shealbhú.

Gríosáíonn an tíreolaíocht páistí chun léirithuiscint a bheith acu ar conas a bhraitheann daoine aonair, grúpaí agus pobail ar a chéile. Cuireann sí chun cinn tuiscint agus meas ar chultúir agus ar shlite maireachtála daoine ar fud an domhain agus cothaíonn sí aireachtáil eolach i ndaoine aonair agus i bpobail faoin bhfreagracht atá orthu as cúram na timpeallachta.

An curaclam tíreolaíochta

Nádúr na tíreolaíochta sa churaclam

Baineann oideachas tíreolaíoch go bunúsach le forbairt chiallú agus léirithuiscint an pháiste ar an domhan ina maireann sé/sí. Uime sin, iniúchann an páiste na timpeallachtaí nádúrtha agus daonna a dteagmhaíonn sé/sí leo agus foghlaimíonn sé/sí fúthu, agus ag an am céanna forbraíonn sé/sí feasacht faoi phatrúin spásúlacha agus úsáideann sé/sí raon scileanna imscrúdaithe agus cumarsáide.

Cumadh an curaclam tíreolaíochta d'fhonn ilghnéitheacht an ábhair a léiriú, d'fhonn cothromaíocht a chothú idir sealbhú scileanna agus eolais, agus d'fhonn aird a dhíriú ar na luachanna agus an dearcadh tábhachtach atá i dtreis sa tíreolaíocht.

Ábhar an churaclaim tíreolaíochta

Tá ábhar an churaclaim tíreolaíochta leagtha amach ina thrí shnáithe:

- *Imshaoil dhaonna*
- *Imshaoil nádúrtha*
- *Feasacht agus cúram imshaoil.*

Imshaoil dhaonna

I gcás a lán páistí, is iad na himshaoil is tábhachtaí acu ná na cinn a cruthaíodh go hiomlán nó d'fhormhór de bharr gníomhaíochta daonna. Gníomhartha daoine agus a n-idirghníomhú le himshaoil nádúrtha is ea a mhúnlaigh nó a chruthaigh tithe na bpáistí, na hachair timpeall orthu, a gcuid scoileanna agus a n-ionaid súgartha, maille le bóithre, sráideanna, ballaí, claíocha agus talamh feirme. Cuidíonn eolas ar na gnéithe seo leis an bpáiste struchtúr a chur ar a t(h)aithí ar an domhan.

Tá na daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sna himshaoil seo agus na himeachtaí a bhíonn ar siúl iontu níos tábhachtaí fós: na bealaí ina n-idirghníomhaíonn daoine le daoine aonair agus le grúpaí agus mar a ghluaiseann siad timpeall, mar a oibríonn agus mar a imríonn siad agus mar a fhreagraíonn siad do thosca fisiceacha. Cuidíonn na rudaí seo go léir le cuid de na gnéithe a fhoirgníonn daoine a mhíniú agus sonraíonn siad meon áite chomh cumasach céanna le haon ghnéithe nádúrtha den tírdhreach.

Bunphrionsabal den churaclam tíreolaíochta (agus de na curaclaim eile san OSIE) is ea go bhfaigheadh páistí tuiscint ar an domhan trí thaithí agus ghníomhaíocht dhíreach. Mar sin moltar sa churaclam go mbunófaí an t-iniúchadh ar imshaoil dhaonna go dlúth i ngarthimpeallacht an pháiste ag gach leibhéal sa bhunscoil, agus go leathnófaí é d'fhonn samplaí as raon méadaitheach d'imshaoil a chuimsiú.

Ba chóir go gcothódh na staidéir seo gnéithe tábhachtacha d'fhorás sóisialta an pháiste agus dá f(h)orás ó thaobh dearcaidh. Trí bheatha daoine sa dúiche máguaird agus i gcomhthéacsanna níos fairsinge a iniúchadh, ba cheart go n-éireodh le páistí meas a bheith acu ar a bhfuil déanta ag daoine a bhfuil cúlraí cultúrtha, eitneacha, sóisialta agus reiligiúnacha difriúla acu. Ba chóir ciallú agus léirithuiscint páistí ar a gcéannacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chothú agus ba chóir go bhforbróidís feasacht ar a saoránacht, idir Eorpach agus dhomhanda. Is féidir spleáchas daoine ar a chéile a chur ar a s(h)úile don pháiste agus é/í ag déanamh staidéir ar idirghníomhú sóisialta agus eacnamaíoch daoine, ní hamháin an spleáchas atá idir daoine san imshaol áitiúil ach

idir daoine i suímh uirbeacha agus tuaithe agus idir daoine in Éirinn agus thar lear. Go sonrach, nuair a chuimsítear aonaid ar shaincheisteanna forbartha do na hardranganna cuirtear deiseanna ar fáil do na páistí iniúchadh a dhéanamh ar conas atá saolta agus gníomhartha daoine i dtíortha forbartha agus i dtíortha atá ag forbairt gaolta lena chéile.

Imshaoil nádúrtha

Ceann de mhórchúraimí tíreolaithe i gcónaí ba ea gnéithe nádúrtha an Domhain a iniúchadh, a thuairisciú, a mhíniú agus a thaifeadadh. Is iad na gnéithe seo—na sléibhte, na cnoic, na hisealchríocha agus tírghnéithe nach iad, na farraigí, na haigéin, na córais aimsire agus an aeráid—a bhronnann a saincháilíochtaí ar áiteanna. Gné thábhachtach d'fheasacht mhéadaitheach leanúnach páistí faoina n-imshaol is ea eolas a chur ar na gnéithe seo agus an gaol atá acu lena chéile. Cúram eile atá ar thíreolaithe agus ar oideachas tíreolaíoch is ea scrúdú a dhéanamh ar conas a deilbhíodh na gnéithe seo de thoradh próiseas agus fórsaí fisiceacha—mar shampla téamh, fuarú, creimeadh, sil-leagan, corraíl screamh an Domhain—agus conas a idirghníomhaíonn plandaí agus ainmhithe leo.

Mar is amhlaidh i gcás imshaol daonna, riarann an curaclam ar iniúchadh gnéithe agus próiseas nádúrtha san imshaol áitiúil agus ar fhorbairt scileanna faisnéise agus cláraithe aimsire ag gach leibhéal den bhunscoil. Nuair a fhorbraítear tuiscint na bpáistí ar na gnéithe agus na próisis trí shamplaí áitiúla, is féidir ansin an t-eolas seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna atá níos fairsinge agus moltar sa churaclam go bhfaigheadh páistí níos sine taithí ar roinnt gnéithe ó shuímh réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. I ndeireadh na dála, tugann staidéar ar imshaoil nádúrtha buneolas do pháistí ar chomhthéacs níos leithne den Domhan sa ghrianchóras agus sa spás, réimse eolais a bhfuil coincheapa an-teibí i gceist ann ach a dtig leis daoine fásta agus páistí araon a chur faoi dhraíocht.

Feasacht agus cúram imshaoil

Ní hamháin go mbaineann an tíreolaíocht le nádúr imshaol a thuiscint agus a mhíniú ach caithfidh sí cásmhaireacht eolach faoi na himshaoil seo a chothú chomh maith. Beidh sé ina bhunghné den churaclam tíreolaíochta (agus de OSIE i gcoitinne) léirthuiscint ar na himshaoil a dtagann sé/sí orthu a mhúscailt sa pháiste maille le mothálacht maidir leis an éifeacht a bhíonn ag athruithe agus ag gníomhartha daonna ar cháilíocht na n-imshaol seo.

De thoradh na haireachtála treisithe seo i dtaca le himshaoil agus le hathrú imshaoil, ba chóir go bhforbrófaí an tuiscint go bhfuil idir dhaoine aonair agus phobail freagrach as a n-imshaoil agus go gcothófaí an nóisean gur caomhnóirí an Domhain iad na daoine do na glúine atá le teacht. Cuireann an snáithe *Feasacht agus cúram imshaoil* deiseanna ar fáil don pháiste scileanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le go gcuideoidh sé/sí ar bhealach ciallmhar le saincheisteanna faoin imshaol a phlé agus a réiteach. Beidh raon na saincheisteanna seo ag imeacht ó chúrsaí atá i dtreis go háitiúil go dtí fadhbanna domhanda mar gheall ar an imshaol, agus tiocfaidh a lán díobh i gceist de thoradh an staidéir a dhéanann na páistí ar imshaoil shainiúla nádúrtha agus daonna sa dá shnáithe thosaigh den churaclam.

Glacann an tíreolaíocht agus an eolaíocht páirteanna comhlántacha i bhforbairt fheasacht an pháiste ar a thimpeallacht. Ar an ábhar sin athdhéantar an snáithe i ngach ceann de na curaclaim seo agus ba chóir é a fhorbairt mar mhórtéama traschuraclaim i rith bhlianta na bunscolaíochta.

Forbairt scileanna agus coincheap sa churaclam tíreolaíochta

De réir mar a shealbhaíonn páistí eolas agus tuiscint ar imshaoil dhaonna agus nádúrtha ba chóir deiseanna a bheith acu freisin coincheapa agus scileanna tábhachtacha tíreolaíocha a fhorbairt. Déantar cur síos orthu seo i mír dar teideal *Forbairt scileanna agus coincheap* ag tosach an ábhair do gach leibhéal agus is é an chaoi is éifeachtaí le hiad a chothú ná trí ghníomhaíocht agus taithí i leith raonta imshaol.

Tuiscint d'áit agus do spás

Roinnt de na coincheapa is bunúsaí atá le sealbhú ag an bpáiste is ea na cinn a bhaineann le *Tuiscint d'áit agus do spás*. Tagraíonn tuiscint d'áit an pháiste dá t(h)uiscint ar bhuncháilíocht áiteanna difriúla agus don bhá a bhíonn aige/aici leo: tuiscint ar conas a deilbhíodh agus a múnlaíodh tírdhreacha trí idirghníomhú próiseas nádúrtha agus gníomhaíochta daonna, agus léirithuiscint ar an ionchur faoi leith a bhí ag inspreagadh, creidimh, luachanna agus dearcadh daoine. Cuireann tuiscint d'áit ar chumas an pháiste nádúr uathúil áite a aithint agus léirithuiscint a bheith aige/aici ar cén saghas saoil a bheadh aige/aici inti. Déanann an curaclam cur síos ar conas a thagann forás ar thuiscint d'áit an pháiste den chéad uair sa bhaile agus sa dúiche máguaird agus mar a thagann forbairt uirthi ansin de réir mar a bhíonn raon cothrom d'imshaoil á iniúchadh aige/aici i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tagraíonn *tuisceint do spás* do thuiscint an pháiste ar shuíomh áiteanna agus ar conas a bhíonn siad comhghaolta. De réir mar a iniúchann an páiste a thimpeallacht cnuasaíonn sé/sí eolas faoi cá bhfuil áiteanna agus nithe suite. De réir a chéile tógann sé/sí coincheap faoin gcaoi agus faoin bhfáth a bhfuil na háiteanna agus na nithe seo gaolta lena chéile. Nuair a bhíonn sé seo ar siúl ag an bpáiste, bíonn eolas suímh agus feacht spásúil á sealbhú aige/aici agus bíonn a m(h)eabhair-íomhá (a léarscáil chognaíoch) den domhan á tabhairt chun míneadais aige/aici. Rianaíonn an curaclam conas a mhínítear léarscáil chognaíoch an pháiste trí iniúchadh agus staidéar ar imshaoil dhaonna agus nádúrtha. Mura ndéantar ach ainmneacha gnéithe fisiceacha, bailte móra agus contaetha a chur de ghlanmheabhair, is beag a chuidíonn sé leis an bpróiseas foghlama seo a bhaineann le scil tíreolaíoch atá an-suntasach a fhorbairt.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

Scil an-suntasach eile atá le forbairt sa churaclam tíreolaíochta is ea clárú, cur in iúl agus ciallú eolais spásúlaigh trí léarscáileanna, pleananna, léaráidí, grianghraif, mionsamhlacha, cruinneoga agus dóigheanna eile a úsáid. Braitheann tuiscint agus úsáid léarscáileanna agus léirithe eile ar chiall do pheirspictíocht, go háirithe do pheirspictíocht aerga. Sa churaclam rianaítear sraith gníomhaíochtaí a threiseoidh feacht páistí ar pheirspictíocht, agus ba chóir go gcuideodh siad leis an bpáiste raon fairsing de shlite grafacha ina léirítear sonraí (.i. slite neamhbhriathartha neamhuimhriúla) a úsáid agus a thuiscint. Bainfear feidhm as gnáthmheáin agus as meáin leictreonacha nuair a bhíonn na teicníochtaí grafacha seo á n-úsáid agus eolas tíreolaíoch á chur in iúl sa téacs.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

Tagann roinnt de na scileanna a úsáidtear in imscrúduithe tíreolaíocha i gceist in achair eile den churaclam, mar shampla scileanna litearthachta, uimhearthachta, cláraithe agus cumarsáide. Cothófar scileanna comhair agus obair ghrúpa le linn imscrúduithe chomh maith. Gné thábhachtach de shaothar a lán tíreolaithe, áfach, is ea scileanna agus eolas eolaíoch a chur i bhfeidhm ar imscrúdú feiniméan tíreolaíoch. Na scileanna a rianaítear in *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, ar a n-áirítear ceistiú, breathnú, tuar, imscrúdú, meas, tomhas, agus anailísiú, freagraíonn siad do na scileanna a chuimsítear sa churaclam eolaíochta faoin teideal *Ag obair go heolaíoch*. Léiríonn a gcuimsiú sa churaclam tíreolaíochta ní hamháin gur cóir go n-úsáidfídh páistí cur chuige criticiúil turgnamhach ina n-imscrúduithe ar an imshaol ach gur féidir gnéithe tábhachtacha den churaclam eolaíochta a chur i gcrích trí mheán topaicí tíreolaíocha.

An tíreolaíocht agus an curaclam comhtháite

An tíreolaíocht agus achair eile den OSIE

Cé go gcuidíonn an tíreolaíocht ar bhealach tábhachtach suntasach le forás an pháiste, déanann sí forbairt a c(h)uid foghlama sa stair agus san eolaíocht a chomhlánú freisin. Cuidíonn na trí ábhar le hoideachas sóisialta agus imshaoil an pháiste a leathnú agus léireofar a bpáirteanna comhlántacha in eagrú na foghlama. I rith na bunscolaíochta, agus go háirithe sna blianta tosaigh, déanfar a lán den fhoghlaím sa tíreolaíocht, san eolaíocht agus sa stair trí mheán na dtéamaí nó na dtopaicí comhtháite a úsáideann múinteoirí chun a gcuid oibre a eagrú. Tiocfaidh a lán de na topaicí seo i gceist toisc go dteastaíonn ón bpáiste a g(h)ar-imshaol agus an pobal áitiúil a imscrúdú agus a thuiscint. Rianaíonn an curaclam agus na treoirlínte a ghabhann leis conas a rachaidh forbairt ar na gnéithe tíreolaíocha luachmhara, scileanna, coincheapa agus dearcadh de réir mar a iniúchtar na topaicí seo.

An tíreolaíocht agus achair eile den churaclam

Tá an tíreolaíocht nasctha go dlúth lena lán achar eile den churaclam. Déantar cur síos níos iomláine sna treoirlínte do mhúinteoirí a ghabhann leis seo ar conas comhtháthú a úsáid mar theicnócht teagaisc, ach is fiú aird a dhíriú ar na naisc le dhá achar faoi leith.

An staidéar ar imshaoil dhaonna agus ar na pobail a chruthaíonn iad, tabharfaidh siad ar an bpáiste ciallú agus léirthuiscint a ghnóthú ar ilghnéitheacht agus comhspleáchas daoine i suímh áitiúla agus i suímh eile agus ullmhóidh siad é/í chun páirt iomlán a ghlacadh i saol a p(h)obal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda. Cé go soláthróidh topaicí an churaclaim tíreolaíochta a lán de na comhthéacsanna ina ndéanfar an fhoghlaím seo, tá cuntas iomlán tugtha ar aonaid a rianaíonn an forás a thagann ar chiall an pháiste don tsaoránaíocht sa churaclam in oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS), agus ar an ábhar sin níl siad athráite sa churaclam tíreolaíochta seo. Braithfidh forbairt a lán scileanna tíreolaíocha, go háirithe na cinn a bhaineann le feasacht ar spásúlacht, grafacht agus mapáil, ar fhás a bheith ag teacht ar thuiscint mhatamaiticiúil an pháiste agus comhlánfaidh siad an fás céanna.

Teanga agus an tíreolaíocht

Cuireann teanga anáil fhorleatach faoin bpróiseas teagaisc agus foghlama. Mar sin, cé go bhfuil cásanna ina bhféadfaí an tíreolaíocht a chomhtháthú le hábhair eile luaite sa ráiteas curaclaim agus sna treoirlínte, ní thugtar samplaí den chaoi a bhféadfaí éifeacht a bhaint as teanga. Cuidíonn oideachas tíreolaíoch áfach, ar bhealach cinntitheach

le forbairt teanga an pháiste: tá forás thuiscint thíreolaíoch an pháiste agus sealbhú scileanna teanga spleách ar a chéile agus saibhríonn siad a chéile chomh maith. Is trí mheán teanga den chuid is mó a dhéanann páistí a dtaithí a insint agus a chiallú, a eagraíonn siad a gcuid smaointeoireachta agus a fhéachann siad le meabhair a bhaint as an domhan atá ina dtimpeall. Tabharfaidh gníomhaíochtaí sa churaclam tíreolaíochta ar an bpáiste bheith gafa i gcur síos a dhéanamh ar raon fairsing gníomhaíochtaí daonna ar raon imshaol agus ar raon próiseas. Ceapfar agus pléifear hipitéisí, tiocfar ar thátail, tabharfar breitheanna agus déanfar iad a fhógairt. Soláthraíonn na gníomhaíochtaí seo uile flúirse deiseanna chun teanga na bpáistí a shaibhriú agus a fhairsingiú.

Cuirtear leis an litearthacht freisin trí oideachas tíreolaíoch. De réir mar a bheidh páistí ag iniúchadh topaicí tíreolaíochta bainfidh siad leas as raon fairsing ábhar agus cláróidh siad na torthaí i bhfoirmeacha éagsúla. Spreagfaidh a lán díobh seo, mar léarscáileanna, cairteacha, leabhair, comharthaí san imshaol, leathanaigh sa ghréasán domhanda agus feidhmeanna ríomhaire eile, forbairt scileanna sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

Tá teanga dá cuid féin ag an tíreolaíocht chomh maith. Nuair a thugtar tuiscint ar théarmaí tíreolaíochta de réir a chéile do pháistí cuirtear ar a gcumas cur síos agus plé níos cruinne a dhéanamh ar ghnéithe san imshaol agus bíonn ceangal cinntitheach idir forbairt thuiscint na bpáistí ar théarmaí suímh agus treo-aimsitheacha agus an tuiscint a bhíonn acu d'áit maille lena bhfeasacht ar spásúlacht. Ar an ábhar sin, ba chóir deimhin a dhéanamh de i gcónaí go mbíonn teanga ina dlúthchuid den phróiseas teagaisc agus foghlama nuair a bhíonn an curaclam tíreolaíochta á phleanáil agus á chur i bhfeidhm.

Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Cuireann an tíreolaíocht a lán deiseanna ar fáil chun scileanna a bhaineann le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a shaothrú agus a chur i bhfeidhm agus moltar sa churaclam go n-úsáidfí TEC chun coincheapa agus scileanna tíreolaíocha páistí a fhorbairt. Is féidir a lán gnéithe den chlár tíreolaíocha a shaibhriú trí chlár ilmheánacha a úsáid. Mar shampla, cuid acu sin léireoidís próisis thíreolaíocha, sholáthróidís eolas mar gheall ar áiteanna agus chineálacha daoine agus thabharfaidís deis do pháistí na hiarmhairtí imshaoil a d'fhéadfadh teacht de ghníomhartha áirithe a imscrúdú. Tig le meáin leictreonacha amhail dlúthdhioscaí agus an t-idirlíon a chur ar chumas páistí teacht ar raon ollmhór d'fhoinsí pictiúrtha, de scannáin agus d'fhoinsí eile ar féidir leo tuiscint thíreolaíoch páistí a shaibhriú go mór. Go sonrach, tá a lán léarscáileanna agus atlas úsáideach ar fáil ar dhlúthdhioscaí.

Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid freisin mar uirlis le linn imscrúduithe tíreolaíocha a dhéanamh agus chun cuidiú le páistí a bhfionnachtana tíreolaíocha féin a chur i láthair. Is féidir cláir ríomhaire a úsáid chun torthaí imscrúduithe a anailísiú agus a chur i láthair sa chaoi go n-aithneofar patrúin agus próisis. Is féidir eolas a mhalartú le daoine eile, rud a chuirfidh ar chumas daoine cosúlachtaí agus difríochtaí mínitheacha a iniúchadh, agus is féidir cuntais scríofa, amharc-chuntais agus closchuntais a chumadh agus a chur in eagar go héasca. Ina theannta sin, is féidir na cuntais agus na tuairiscí ar áiteanna a chumann páistí a chur in iúl go héasca ní hamháin do pháistí eile sa scoil ach do lucht féachana níos fairsinge ar fud na hÉireann agus in áiteanna eile sa domhan.

Measúnú

Is dlúthchuid de theagasc agus d'fhoghlaim na tíreolaíochta é an measúnú, amhail in achair eile den churaclam. Rianaíonn an mhír ar mheasúnú conas is féidir le raon teicníochtaí measúnaithe, iad neamhfhoirmiúil agus scothfhoirmiúil, cuidiú le taithí fhoghlama an pháiste a shaibhriú agus eolas úsáideach a sholáthar do dhaltaí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaoine nach iad.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna na tíreolaíochta ná

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar imshaoil áitiúla agus réigiúnacha agus ar chinn níos fairsinge agus ar a gcomhghaolta
- ciallú agus léirthuisint ar ilghnéitheacht dálaí nádúrtha agus daonna sa Domhan a spreagadh
- ionbhá le daoine as imshaoil ilghnéitheacha maille le tuiscint ar chomhspleáchas daoine a fhorbairt
- cumas a fhorbairt ar raon de mhodhanna cumarsáide a úsáid, go háirithe na cinn a bhaineann le forbairt grafachta (mapáil agus bealaí neamhbhriathartha neamhuimhriúla eile chun sonraí a léiriú)
- cuidiú le forbairt a theacht ar thuiscint d'áit agus ar fheasacht ar spásúlacht
- forbairt dearchtha chásmhair agus iompair stuama i leith an imshaoil mar aon le páirtíocht in aithint, plé agus réiteach nó seachaint fadhbanna imshaoil a spreagadh
- tuiscint ar choincheapa tíreolaíocha cuí a fhorbairt.

Cuspóirí leathana

Nuair a thugtar aird chuí ar chumais intreacha agus ar thosca malartacha, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam tíreolaíochta ar chumas an pháiste

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar imshaoil nádúrtha agus daonna sa dúiche máguaird, sa réigiún, in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan
- roinnt de na próisis nádúrtha, shóisialta nó eacnamaíocha a chruthaíonn, a chothaíonn nó a athraíonn imshaoil a thuiscint
- staidéar a dhéanamh ar thionchar tosca imshaoil ar shaol daoine sa dúiche máguaird agus i gceantair eile, i dtreo go n-éireodh leis/léi tuiscint a fháil ar roinnt de na bealaí ina n-úsáideann, ina modhnaíonn agus ina dtéann daoine i gcion ar a n-imshaoil
- tabhairt faoi iniúchadh gníomhach an imshaoil áitiúil agus imshaol eile mar ghné intreach den fhoghlaím

- cumas a shealbhú ar mhodhanna cuí imscrúdaithe a úsáid agus a thuiscint agus staidéar á dhéanamh ar ghnéithe agus ar fheiniméin nádúrtha agus daonna in imshaoil áitiúla agus i gcinn eile
- tuiscint d'áit a fhorbairt: ciallú agus léirthuiscint ar phríomhthréithe áiteanna difriúla
- tuiscint do spás a fhorbairt: tuiscint ar conas atá gnéithe nádúrtha agus daonna suite agus dáilte in imshaoil áitiúla agus in imshaoil eile agus ar an gcomhghaol atá eatarthu agus an fáth atá leis sin
- léarscáil chognaíoch chuí den cheantar áitiúil a fhorbairt agus an próiseas a leathnú amach go dtí suímh tíreolaíocha níos fairsinge
- cumas a shealbhú ar raon forásach pleananna, léarscáileanna agus cruinneog a thuiscint, a fhorbairt agus a úsáid
- cumas a fhorbairt ar eolas tíreolaíoch a shealbhú, a anailísiú agus a chur in iúl agus feidhm á baint as foinsí an-ilghnéitheacha ar a n-áireofar foirmeacha béil, scríofa agus grafacha, mionsamhlacha agus cruinneoga, teicneolaíocht an eolais agus meáin eile
- scileanna ealaíne, scileanna teanga agus scileanna matamaitice a leathnú, a thabhairt chun míneadais agus a chur i bhfeidhm
- a fhoghlaim gur gá do dhaoine acmhainní nádúrtha agus daonna an Domhain a roinnt lena chéile, a úsáid go tuisceanach agus a chaomhnú má tá an bheatha le bheith ann go buan
- mothálacht aeistéitiúil a fhorbairt i leith gnéithe nádúrtha agus daonna an imshaoil agus i leith na dtorthaí a leanann gníomhartha daonna
- foghlaim faoin ilghnéitheacht atá in Éirinn agus ar fud an domhain ó thaobh pobal, cultúr agus sochaithe agus meas a chothú uirthi; feasacht faoi chomhspleáchas daonna a ghnóthú agus ionbhá a chothú le daoine eile
- smaointeoireacht chruthaitheach nuálach a úsáid nuair a bhíonn saincheisteanna daonna agus imshaoil á n-íniúchadh nó á bhfuascailt, agus meas a chothú uirthi.

Ranganna
naíonán

Foramharc

ranganna naíonán

Forbairt scileanna agus coincheap

Tuiscint d’áit agus do spás	<ul style="list-style-type: none">Tuiscint d’áitTuiscint do spás
Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha	<ul style="list-style-type: none">Ag úsáid léirithe d’áiteanna
Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta	<ul style="list-style-type: none">Ag ceistiúAg breathnúAg tuarAg imscrúdú agus ag tástáilAg meas agus ag tomhasAg anailísiúAg clárú agus ag cur in iúl

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thuas de réir mar a thugtar na snáitheanna agus na snáithaonaid den churaclam atá rianaithe thíos chun críche.

Snáitheanna

Imshaoil dhaonna	<ul style="list-style-type: none">Ag maireachtáil sa phobal áitiúilDaoine agus áiteanna i gceantair eile
Imshaoil nádúrtha	<ul style="list-style-type: none">An t-imshaol nádúrtha áitiúilAn aimsirPláinéad an Domhain sa spás
Feasacht agus cúram imshaoil	<ul style="list-style-type: none">Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm

Snáithaonaid

Pleanáil

Struchtúr

Tá ábhar an churaclaim tíreolaíochta do ranganna naíonán curtha i láthair in dhá mhír:

- mír *scileanna agus coincheap* ina gcuirtear síos ar na scileanna agus ar na coincheapa tíreolaíocha ar chóir do na páistí iad a shaothrú de réir mar a phléann siad le topaicí sa churaclam
- líon áirithe *snáitheanna* a rianaíonn na topaicí atá le cuimsiú sa churaclam tíreolaíochta. *Snáithaonaid* a thugtar ar na topaicí atá i ngach snáithe. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí i gcló iodálach ar fud na míreanna ábhair.

Is é cuspóir an ábhair a chuirtear i láthair sa dá mhír seo ná cuidiú leis na múinteoirí pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt scileanna, dearcaidh agus coincheap tábhachtach le linn d'eolas agus do thuiscint ar thopaicí tíreolaíocha bheith á sealbhú.

Scileanna agus coincheapa sa tíreolaíocht

Tá na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha a rianaítear ag an leibhéal seo eagraithe faoi thrí cheannteideal:

- *Tuiscint d'áit agus do spás*, a chuireann síos ar fhorás fheasacht an pháiste ar shaintréithe áiteanna, ar a (h)eolas ar shuíomh agus ar a c(h)umas mapála cognaithí sa gharthimpeallacht
- *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*, a chuireann síos ar conas is féidir le líníochtaí an pháiste de shuímh aithnidiúla agus úsáid ábhar súgartha foirgníoch cuidiú le forás luathscileanna mapála
- *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, a rianaíonn conas is féidir scileanna imscrúdaithe eolaíocha simplí a fhorbairt trí shaothar tíreolaíoch.

Soláthróidh na snáithaonaid atá sna trí shnáithe thíos an comhthéacs ina bhforbrófar formhór na scileanna agus na gcoincheap seo.

Snáitheanna an churaclaim tíreolaíochta

Cuireann snáitheanna an churaclaim i láthair na topaicí tíreolaíocha a iniúchfaidh na páistí trí staidéar a dhéanamh ar

- *Imshaoil dhaonna*, a thugann ar an bpáiste bheith páirteach i bhfoghlaim faoina b(h)aile, faoina scoil agus faoi áiteanna tábhachtacha eile san imshaol agus faoi na daoine a chónaíonn agus a oibríonn iontu
- *Imshaoil nádúrtha*, a bhaineann le himshaol nádúrtha áitiúil na scoile, le feiniméin na haimsire agus le gnéithe nádúrtha eile
- *Feasacht agus cúram imshaoil*, a rianaíonn conas is féidir le tíreolaíocht agus eolaíocht léirthuisctint an pháiste ar imshaoil a chothú, chomh maith leis an tuisctint a fhorbairt go bhfuil freagracht air/uirthi féin iad a chaomhnú agus a fheabhsú. Is cuid é an snáithe seo de na curaclaim tíreolaíochta agus eolaíochta araon agus beidh sé ina phríomhnasc traschuraclaim.

Soláthraíonn raon na moltaí atá in aonaid na snáitheanna seo an-chuid solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí agus iad ag roghnú ábhair.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach, is é sin gur féidir topaicí tíreolaíocha áirithe a iniúchadh ag roinnt leibhéal ranga ach an cur chuige bheith ag éirí níos doimhne. Mar shampla, is bunús den scoth é an plé agus an clárú pictiúrtha simplí ar fheimiméin aimsire a dhéantar i ranganna naíonán don chlárú scothfhoirmiúil a dhéanfar ar phatrúin aimsire i ranganna eile ina dhiaidh sin. Cuideoidh an phleanáil a dhéanann scoileanna agus múinteoirí le deimhin a dhéanamh de go mbeidh leanúnachas agus forchéimniú tríd síos sa chlár tíreolaíochta a mhúinfear do na páistí agus go seachnófar athrá gan gá agus bearnaí suntasacha.

An t-imshaol áitiúil

Ba chóir gníomhaíochtaí tíreolaíocha a bhunú ar an imshaol áitiúil agus ba chóir deiseanna bheith ag na daltaí go léir an t-imshaol a iniúchadh agus a imscrúdú go rianúil agus go críochnúil. Ba chóir coincheapa agus scileanna tíreolaíocha a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh sa gharthimpeallacht uair ar bith is féidir.

Leithead agus doimhneacht i gcuraclam roghchláir

Cinntear, ach an curaclam bheith leathan cothrom, go mbeidh teacht ag na páistí ar raon cuimsitheach cothrom d'idéanna agus de choincheapa tíreolaíocha agus ag an am céanna go gcuirfear deiseanna ar fáil chun scileanna a fhorbairt trí imscrúduithe praiticiúla sa dúiche timpeall. Níltear ag súil go dtabharfaidh na páistí gach cuspóir nó gach gníomhaíocht a mholtar sna snáithaonaid chun críche: is amhlaidh a bhainfidh múinteoirí agus scoileanna rogha as na cuspóirí ábhair agus as na heiseamláirí atá rianaithe.

Nascadh agus comhtháthú

Tá an t-ábhar don OSIE curtha i láthair i dtrí cháipéis churaclaim: stair, tíreolaíocht agus eolaíocht. Is fearr, áfach, tabhairt faoin OSIE ar bhealach iomlánaíoch i gcás páistí óga. Téann na snáitheanna agus na snáithaonaid den ábhar atá sna trí churaclam isteach ina chéile go mór chun gur féidir cur chuige comhtháite de réir topaicí nó téamaí a úsáid i ranganna naíonán.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bpléitear ar bhealach níos iomláine i gcuraclam an OSPS le gníomhaíochtaí arb é a n-aidhm tuiscint an pháiste ar shaoránaíocht, ar phobal, ar chomhspleáchas agus ar ghaolmhaireacht daonna a fhorbairt.

Laistigh de na míreanna ábhair, déantar moltaí sna nótaí laistíos de na snáithaonaid faoi roinnt de na cásanna ina bhféadfaí feidhm a bhaint as *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam tíreolaíochta) agus *comhtháthú* (.i. ceangail thraschuraclaim).

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna naíonán

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thíos de réir mar a thugtar snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim chun críche.

Tuiscint d'áit agus do spás

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Tuiscint d'áit

- éirí feasach ar roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche, agus iad a iniúchadh agus a phlé
*mé féin agus mo theaghlach, mo chairde
baill de phobal na scoile
daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa phobal áitiúil
a spás, a s(h)eomra, a b(h)aile, an t-achar timpeall a b(h)aile
bailte a g(h)aolta agus a c(h)airde
an seomra ranga, an scoil agus achair shúgartha*
- roinnt feasachta faoi dhaoine agus faoi áiteanna i gceantair eile a fhorbairt

Tuiscint do spás

- tagairt do théarmaí simplí suímh nó iad a úsáid
*le hais, in aice, i bhfad ó láthair, béal dorais, ar mo bhóthar, ar mo léibheann
nó ar m'urlár
thuas staighre, thíos staighre*
- turais chuig áiteanna sa gharthimpeallacht agus ar ais uathu a phlé agus a chlárú ar bhealach simplí
an baile, spásanna súgartha, an scoil agus an seomra ranga, siopaí, suímh eile
- tagairt do threoracha simplí nó iad a úsáid i suíomh an bhaile, an tseomra ranga agus na scoile
treoracha chun dul go dtí seomra eile sa scoil a thabhairt.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag úsáid léirithe d'áiteanna

- tagairt a dhéanamh do líníochtaí simplí de cheantair nó iad a úsáid
*an baile agus a gharthimpeallacht
an seomra ranga, an scoil agus an clós
áiteanna eile agus ceantair shamhlaithe*
- mionsamhlacha d'fhoirgnimh a dhéanamh de bhrící, de Lego agus d'ábhair shúgartha eile
- éirí feasach ar chruinneoga mar mhionsamhlacha den Domhan.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim tíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht

Cé a chónaíonn san áit seo?

Cad a tharlóidh má thugaim sneachta isteach?

Ag breathnú

- gnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a bhreathnú, a chur i gcomparáid agus a phlé

obair agus ionaid oibre daoine a chuidíonn linn

cad a tharlaíonn nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne

Ag tuar

- tuairim a chaitheamh cad é an chéad rud eile a tharlódh i ndála áirithe

tuairim a chaitheamh cé acu an snámhfadh púróga in uisce nó an rachaidh siad go tóin

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a cheapadh an múinteoir a dhéanamh, breathnóireacht a dhéanamh agus sonraí a bhailiú

Ag meas agus ag tomhas

- faid a mheas agus a chur i gcomparáid go neamhfhoirmiúil

tá an turas ón mbaile go dtí an scoil níos faide ná an turas ón mbaile go dtí an pháirc

Ag anailísiú

- nithe a shórtáil agus a rangú de réir gnéithe inbhreathnaithe

carraigeacha, púróga, láib i sampla ithreach

Ag clárú agus ag cur in iúl

- cur síos agus plé ó bhéal a dhéanamh ar a b(h)reathnóireacht agus feidhm á baint as stór forásach focal

- torthaí a léiriú i bhfoirm pictiúrtha agus i meáin eile

pictiúir, cairteacha aimsire, ag úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Snáithe: Imshaoil dhaonna

Snáithaonad Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Mo theaghlach agus mo phobal

- a b(h)allraíocht sa teaghlach, sa scoil agus sa phobal áitiúil a iniúchadh agus a phlé
- páirt daoine a fhreastalaíonn ar an bpobal áitiúil a aithint agus a phlé

oibrí poist, garda, oibrí siopa, dochtúir, banaltra, oibrí bruscair, oibrí bóthair, tiománaí leoraí, tiománaí bus, múinteoir

Bailte

- a aithint go gcónaíonn daoine i mbailte
- cur síos ar achair laistigh den bhaile
- gníomhaíochtaí a shamhlú le hachair laistigh den bhaile agus lasmuigh den bhaile
- roinnt feasachta a shealbhú faoi na saghsanna éagsúla bailte sa dúiche máguaird
- líníochtaí simplí a dhéanamh den bhaile, den gharthimpeallacht agus de na turais chun an bhaile agus ar ais uaidh
- tosú ar léirthuisint a bheith aige/aici ar an ngá atá ag teaghlach le foscadh

árasán, iostán, teach, carbhán, leantóir

Comhtháthú

OSPS: Mise agus daoine eile; Mise agus an domhan mór

Eolaíocht: Ábhair; Ag dearadh agus ag déanamh

Stair: Scéalaíocht

An scoil

- éirí feasach ar na daoine atá i bpobal na scoile, iad a phlé agus léirthuisint a ghnóthú orthu
- daltaí ina rang, daltaí eile, múinteoirí, airíoch, rúnaí*
- gníomhaíochtaí a shamhlú le hachair laistigh den scoil agus lasmuigh di
- líníochtaí simplí a dhéanamh den scoil, den gharthimpeallacht agus de thurais chun na scoile agus ar ais uaithi

Daoine i mbun oibre

- obair daoine sa bhaile, sa scoil, sa phobal áitiúil, i mbailte móra nó i gceantair thíre chónagaracha agus in imshaoil níos fairsinge a phlé
- éirí feasach ar roinnt foirgneamh agus roinnt áiteanna ina mbíonn daoine ag obair, go háirithe iad sin atá sa dúiche máguaird

an baile, an scoil agus a urláin, siopaí, feirmeacha, oifigí, páirceanna

Daoine ag súgradh

- éirí feasach ar spásanna súgartha agus iad a phlé
- sa bhaile*
ar scoil
sa dúiche máguaird
in áiteanna eile
- moltaí a dhéanamh faoi bhealaí ina bhféadfaí na háiteanna seo a choinneáil glan sábháilte
- líníochtaí simplí a dhéanamh de na háiteanna seo, dá ngarthimpeallacht agus de na turais chuig na háiteanna seo agus ar ais uathu.

Snáithaonad Daoine agus áiteanna i gceantair eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- roinnt feasachta a chothú faoi dhaoine a chónaíonn in áiteanna eile
- daoine a chastar air/uirthi i scéalta, i bpictiúir, ar an teilifís
- roinnt feasachta a ghnóthú faoi na saghsanna difriúla bailte atá in áiteanna lasmuigh den dúiche máguaird
- éirí feasach ar roinnt nasc idir an scoil nó an pobal áitiúil agus daoine in áiteanna eile

gaolta agus cairde a chónaíonn in áiteanna eile

bia a fhásann feirmeoirí i gceantair eile in Éirinn

áiteanna agus daoine a dtugaim cuairt orthu agus mé ar saoire.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus daoine eile; Mise agus an domhan mór

Stair: Scéalaíocht

Snáithe: Imshaol nádúrtha

Snáithaonad An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirífeasach ar roinnt gnéithe d'imshaoil nádúrtha i ngarthimpeallacht na scoile, iad a iniúchadh agus a phlé
cnoc, cladach, fál sceach, foraois, portach, bánta
- uisce san imshaol áitiúil a bhreathnú, a phlé agus a imscrúdú
*fliuchras, locháin agus srutháin
uisce, gaineamh agus clocha i srutháin,
i linnte, i lochanna nó ag an gcladach*
- ábhair nádúrtha éagsúla san imshaol áitiúil a bhreathnú, a bhailiú agus a imscrúdú
*láib, gaineamh, púróga, clocha agus carraigeacha
na hábhair seo a ghrúpáil de réir roinnt critéar (m.sh. dath, uigeacht, cruas)*
- torthaí a c(h)uid eispéiris agus a chuid breathnóireachta a chlárú agus a chur in iúl agus feidhm á baint as caint agus as pictiúir.

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo; Ábhair

Snáithaonad An aimsir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- saghsanna ilghnéitheacha aimsire a bhreathnú agus a phlé agus feidhm á baint as stór focal simplí
laethanta báistí, laethanta grianmhara, laethanta ceomhara
- torthaí bhreathnóireacht na haimsire a chlárú agus feidhm á baint as cairt aimsire nó as dialann
- éirífeasach ar roinnt den tionchar a bhíonn ag saghsanna éagsúla aimsire ar an mbeatha dhaonna agus ainmhíoch agus ar fhásra san imshaol áitiúil
- oiriúnacht saghsanna éagsúla éadaigh do shaghsanna éagsúla aimsire a phlé
- a aithint go mbaineann patrúin áirithe aimsire le hathruithe séasúracha; an samhradh agus an geimhreadh a idirdhealú.

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo—Próisis na beatha; Fuinneamh agus fórsaí—Teas

Snáithaonad Pláinéad an Domhain sa spás

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an ghrian, an ghealach agus na réaltaí a aithint agus iad a phlé
- an difríocht idir lá agus oíche a aithint.

Snáithe: Feasacht agus cúram imshaoil

Snáithaonad Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- saintréithe an imshaoil áitiúil a bhreathnú, a phlé agus a léirthuisctint
áilleacht agus ilghnéitheacht plandaí agus ainmhithe i ngnáthóga éagsúla
gnéithe tarraingteacha d'imshaoil nádúrtha agus dhaonna
- a thuiscint go roinneann daoine an t-imshaol leis na plandaí agus leis na hainmhithe
- tuiscint a shealbhú go bhfuil freagracht air/uirthi aire a thabhairt don imshaol agus é a fheabhsú

- straitéis shimplí chun an t-imshaol a fheabhsú agus chun aire a thabhairt di a aithint, a phlé agus a chur i bhfeidhm
rudaí is féidir liomsa a dhéanamh
aire a thabhairt d'éadaí, do bhréagáin agus d'áirgí eile
an baile agus an t-imshaol a choinneáil glan néata
aire a thabhairt do dhúile, idir bheo agus neamhbheo, sa dúiche máguaird
rudaí is féidir linn a dhéanamh le chéile
an seomra ranga, an scoil agus spásanna súgartha a choinneáil glan néata slán
bruscar a chur de láimh go cuí
páipéar, cannaí agus ábhair eile a bhailiú le haghaidh athchúrsála
aire a thabhairt do dhúile, idir bheo agus neamhbheo, sa dúiche máguaird.

Nascadh

Bainfear a lán de chuspóirí an tsnáithe seo amach de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile an churaclaim thíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon.

OSPS: Mise agus an domhan mór

Corpoideachas: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Ranganna

1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Forbairt scileanna agus coincheap

Tuiscint d’áit agus do spás	<ul style="list-style-type: none">Tuiscint d’áitTuiscint do spás
Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha	<ul style="list-style-type: none">Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog
Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta	<ul style="list-style-type: none">Ag ceistiúAg breathnúAg tuarAg imscrúdú agus ag tástáilAg meas agus ag tomhasAg anailísiúAg clárú agus ag cur in iúl

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thuas de réir mar a thugtar na snáitheanna agus na snáithaonaid den churaclam atá rianaithe thíos chun críche.

Snáitheanna

Imshaoil dhaonna

Snáithaonaid

- Ag maireachtáil sa phobal áitiúil
- Daoine agus áiteanna i gceantair eile

Imshaoil nádúrtha

- An t-imshaol nádúrtha áitiúil
- An aimsir
- Pláinéad an Domhain sa spás

Feasacht agus cúram imshaoil

- Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm

Pleanáil

Struchtúr

Tá ábhar an churaclaim tíreolaíochta do ranganna 1 agus 2 curtha i láthair in dhá mhír:

- mír *scileanna agus coincheap* ina gcuirtear síos ar na scileanna agus ar na coincheapa tíreolaíocha ar chóir do na páistí iad a shaothrú de réir mar a phléann siad le topaicí sa churaclam
- líon áirithe *snáitheanna* a rianaíonn na topaicí atá le cuimsiú sa churaclam tíreolaíochta. *Snáithaonaid* a thugtar ar na topaicí atá i ngach snáithe. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí i gcló iodálach ar fud na míreanna ábhair.

Is é cuspóir an ábhair a chuirtear i láthair sa dá mhír seo ná cuidiú leis na múinteoirí pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt scileanna, dearcaidh agus coincheap tábhachtach le linn d'eolas agus do thuiscint ar thopaicí tíreolaíocha bheith á sealbhú.

Scileanna agus coincheapa sa tíreolaíocht

Tá na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha a rianaítear ag an leibhéal seo eagraithe faoi thrí cheannteideal:

- *Tuiscint d'áit agus do spás*, a chuireann síos ar fhorás fheasacht an pháiste ar shaintréithe áiteanna, ar a (h)eolas ar shuíomh agus ar a c(h)umas mapála cogaithí sa gharthimpeallacht
- *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*, a chuireann síos ar conas is féidir le líníochtaí de shuímh aithnidiúla agus imscrúdú imlínite agus pleananna cuidiú le forás scileanna mapála an pháiste
- *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, a rianaíonn conas is féidir scileanna imscrúdaithe eolaíocha simplí a fhorbairt trí shaothar tíreolaíoch.

Soláthróidh na snáithaonaid atá sna trí shnáithe thíos an comhthéacs ina bhforbrófar formhór na scileanna agus na gcoincheap seo.

Snáitheanna an churaclaim thíreolaíochta

Cuireann snáitheanna an churaclaim na topaicí tíreolaíocha i láthair a iniúchfaidh na páistí trí staidéar a dhéanamh ar

- *Imshaoil dhaonna*, a thugann ar an bpáiste bheith páirteach i bhfoghlaim faoi bhailte móra agus faoi áiteanna tábhachtacha eile in imshaoil fhoirgnithe sa dúiche máguaird agus i gcéin uaithi agus faoi na daoine a chónaíonn agus a oibríonn sna háiteanna seo
- *Imshaoil nádúrtha*, a bhaineann le heolas forásach an pháiste faoi imshaoil nádúrtha áitiúla, faoin aimsir agus faoi ghnéithe nádúrtha eile
- *Feasacht agus cúram imshaoil*, a rianaíonn conas is féidir le tíreolaíocht agus eolaíocht léirthuiscint an pháiste ar imshaoil a chothú chomh maith le tuiscint go bhfuil freagracht air/uirthi féin iad a chaomhnú agus a fheabhsú. Is cuid é an snáithe seo de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon agus beidh sé ina phríomhnasc traschuraclaim.

Soláthraíonn raon na moltaí atá in aonaid na snáitheanna seo an-chuid solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí agus ábhar á roghnú acu.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach, is é sin gur féidir topaicí tíreolaíocha áirithe a iniúchadh ag roinnt leibhéal ranga ach an cur chuige bheith ag éirí níos doimhne. Mar shampla, na gníomhaíochtaí a bpléifear leo san aonad ‘Daoine ag obair’ ag an leibhéal seo, díreoidh siad ar shaolta ‘daoine a chabhraíonn linn’ agus soláthróidh siad bunús tábhachtach don staidéar a dhéanfar ar sheirbhísí agus ar thionscal amach anseo. Cuideoidh an phleanáil a dhéanann scoileanna agus múinteoirí le deimhin a dhéanamh de go mbeidh leanúnachas agus forchéimniú tríd síos sa chlár tíreolaíochta a mhúinfear do na páistí agus go seachnófar athrá gan gá agus bearnaí suntasacha.

An t-imshaol áitiúil

Ba chóir gníomhaíochtaí tíreolaíocha a bhunú ar an imshaol áitiúil agus ba chóir deiseanna bheith ag na daltaí go léir an t-imshaol a iniúchadh agus a imscrúdú go rianúil agus go críochnúil. Ba chóir coincheapa agus scileanna tíreolaíocha a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh sa gharthimpeallacht uair ar bith is féidir.

Leithead agus doimhneacht i gcuraclam roghchláir

Cinntear, ach an curaclam bheith leathan cothrom, go mbeidh teacht ag na páistí ar raon cuimsitheach cothrom d'idéanna agus de choincheapa tíreolaíocha a bhaineann le himshaoil ilghnéitheacha agus ag an am céanna go gcuirfear deiseanna chun scileanna a fhorbairt ar fáil trí imscrúduithe praiticiúla sa dúiche máguaird. Níltear ag súil go dtabharfaidh na páistí gach cuspóir nó gach gníomhaíocht a mholtar sna snáithaonaid chun críche; is amhlaidh a bhainfidh idir mhúinteoirí agus scoileanna rogha as na cuspóirí ábhair agus as na heiseamláirí atá rianaithe.

Nascadh agus comhtháthú

Tá an t-ábhar don OSIE curtha i láthair i dtrí cháipéis churaclaim: stair, tíreolaíocht agus eolaíocht. Is fearr, áfach, tabhairt faoin OSIE ar bhealach iomlánaíoch i gcás páistí óga. Téann na snáitheanna agus na snáithaonaid den ábhar atá sna trí churaclam isteach ina chéile go mór chun gur féidir cur chuige comhtháite de réir topaicí nó téamaí a úsáid i ranganna 1 agus 2.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bpléitear ar bhealach níos iomláine sa churaclam OSPS le gníomhaíochtaí arb é a n-aidhm tuiscint an pháiste ar shaoránaíocht, ar phobal, ar chomhspleáchas agus ar ghaolmhaireacht daonna a fhorbairt.

Laistigh de na míreanna ábhair déantar moltaí sna nótaí laistíos de na snáithaonaid faoi roinnt de na cásanna ina bhféadfaí feidhm a bhaint as *nascadh* (i. comhtháthú laistigh den churaclam tíreolaíochta) agus *comhtháthú* (i. ceangail thraschuraclaim).

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 1 agus 2

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thíos de réir mar a thugtar snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim chun críche.

Tuiscint d'áit agus do spás

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Tuiscint d'áit

- roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche máguaird a iniúchadh agus eolas ceart a chur orthu
- daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar
- bailte agus foirgnimh eile, gnéithe nádúrtha
- feasacht ar dhaoine agus ar áiteanna i gceantair eile a fhorbairt

Tuiscint do spás

- suíomh daonna agus nádúrtha i leith a chéile sa dúiche máguaird a phlé agus a chlárú
 - i gcaint shimplí (m.sh. in aice, os comhair, ag an gcoirnéal)*
 - trí líníochtaí, pleananna, léarscáileanna agus mionsamhlacha simplí*
- turais shimplí chuig áiteanna agus ar ais uathu sa gharthimpeallacht agus lasmuigh di a phlé agus a chlárú
 - an baile, bailte gaolta agus cairde*
 - spásanna súgartha, siopaí agus foirgnimh thábhachtacha eile*
 - ceantar uirbeach, páirc imeartha, ionaid saoire*
- treoracha simplí chuig áiteanna sa gharthimpeallacht a thabhairt agus a leanúint
 - áiteanna sa scoil agus sa chlós.*

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim tíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog

- ceantair sa gharthimpeallacht agus áiteanna a luaitear i scéalta a chlárú agus feidhm á baint as léarscáileanna pictiúrtha simplí, as mionsamhlacha agus as modhanna eile

mo sheomra, mo bhaile, a chomharsanacht

mo bhealach chun na scoile agus chun na siopaí

ceantair shamhailteacha (m.sh. an bealach i scéal leithéid ‘Cochaillín Dearg’)

- imlínte agus pleananna rudaí beaga coitianta a iniúchadh

nithe beaga mar chás peann luaidhe nó bosca

mionsamhlacha d’fhoirgnimh a bhaineann le feirm nó traein bhréige

- roinnt feasachta a fhorbairt faoi léarscáileanna d’achair theoranta sa dúiche máguaird agus faoi ghriangraif aerga díobh dá mb’fhéidir sin
- treonna a iniúchadh sa seomra ranga agus feidhm á baint as léarscáileanna treochoimharthaí simplí
- talamh agus farraige a aithint ar léarscáileanna agus ar chruinneoga
- léarscáileanna d’Éirinn agus an chruinneog a úsáid chun feasacht faoi áiteanna eile a shaothrú.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht

Cad iad na haimmhithe agus na plandaí a mhaireann anseo?

Cad tá athraithe ó bhí mé anseo cheana?

Ag breathnú

- gnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a bhreathnú, a chur i gcomparáid agus a phlé

dathanna agus uigeacht san imshaol

plandaí foirgnithe agus ainmhithe difriúla in imshaoil chodarsnacha

Ag tuar

- tuairim, agus í bunaithe ar bhreathnóireacht, a chaitheamh faoi thoradh imscrúdaithe

tuairim a chaitheamh faoi cathain a bheidh uisce na habhann láibeach

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí ilghnéitheacha

breathnóireacht dhíreach san imshaol

imscrúduithe sa seomra ranga

leabhair, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide, meáin eile

Ag meas agus ag tomhas

- tosú ar mhodhanna simplí a úsáid chun torthaí breathnóireachta a mheas, a thomhas agus a chur i gcomparáid

aonaid neamhchaighdeánacha fhaid a úsáid chun achair shlí a thomhas

meá a úsáid chun meáchain samplaí a bailíodh a chur i gcomparáid

Ag anailísiú

- daoine, gnéithe, eachtraí agus feiniméin nádúrtha a shórtáil agus a ghrúpáil
na daoine a oibríonn i siopaí, in oifigí nó i monarchana
dúile beo ar an gcladach, ar an bhfeirm nó sa pháirc
- tosú ar phatrúin agus ar ghaolmhaireacht a chuardach agus a aithint sa timpeallacht
an bhaint atá idir scamail dhorcha agus báisteach
na naisc atá idir bailte daoine agus an aeráid
- teacht ar thátail de thoradh imscrúduithe simplí

Ag clárú agus ag cur in iúl

- cur síos agus plé ó bhéal a dhéanamh ar thorthaí breathnóireachta agus feidhm á baint as stór forásach focal
- torthaí a léiriú i bhfoirm phictiúrtha nó trí mheáin eile a úsáid
fríosanna, picteagraim, teicneolaíocht eolais agus cumarsáide.

Snáithe: Imshaoil dhaonna

Snáithaonad Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Mo theaghlach agus mo phobal

- a p(h)áirt agus páirt daoine eile sa teaghlach, sa scoil agus sa phobal áitiúil a iniúchadh agus a phlé
- éirí feasach ar ilghnéitheacht na ndaoine a chónaíonn sa phobal áitiúil agus ar an ionchur a dhéanann siad, agus meas ar a luach sin a chothú
- tosú ar chomhspleáchas daoine aonair agus grúpaí sa phobal áitiúil a aithint

daoine a mbraithimid orthu chun bia agus rudaí eile a sholáthar dúinn

bealaí inar féidir linn cabhrú le daoine eile sa phobal

- roinnt feasachta a shaothrú faoi dhaoine a chónaíonn i gceantair eile agus faoi na naisc atá eatarthu agus an pobal áitiúil

daoine a gcuirtear aithne orthu i scéalta, i bpictiúir agus ar an teilifís

Bailte agus foscadh

- a aithint go gcónaíonn daoine in áitribh ilghnéitheacha
- cur síos ar a b(h)aile féin, a shuíomh agus a chomharsanacht
- roinnt de na gnéithe seo a chlárú agus feidhm á baint as líníochtaí, pleananna, léirithe, mionsamhlacha agus sceitsí simplí
- na hábhair a úsáidtear chun tithe a thógáil a imscrúdú agus ábhair a táirgeadh go háitiúil a aithint
- turais chuig bailte móra agus ar ais uathu a phlé agus a chlárú go simplí
- feasacht agus léirtheiscint a shaothrú faoi shaghsanna éagsúla áitreabh sa chomharsanacht agus i gceantair eile

tithe, tithe feirme, iostáin, árasáin, carbháin, leantóirí, tithe so-aistrithe, bailte seantán

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Comhtháthú

Eolaíocht: Ábhair: Ag dearadh agus ag déanamh

Daoine i mbun oibre

- obair daoine i raon suíomh sa dúiche timpeall a imscrúdú
*an baile, scoileanna, clubanna óige
siopaí, oifigí, monarchana, feirmeacha
stáisiún an Gharda, ospidéal, lárionad
sláinte
tithe ósta, bialanna, lárionaid do chuairteoirí*
- obair daoine atá páirteach i seirbhísí iompair agus cumarsáide a imscrúdú
- na foirgnimh agus na háiteanna ina mbíonn daoine ag obair, go háirithe iad sin sa gharthimpeallacht, a phlé agus a chlárú go simplí
- turais chuig láithreacha oibre a phlé agus a chlárú go simplí
- éirí feasach ar obair daoine i gceantair eile a sholáthraíonn bia agus táirgí eile dúinn

Daoine ag súgradh

- páirt daoine a chuidíonn leis/léi agus é/í ag imirt a léirthuisctint
*baill a t(h)eaghlaigh agus a c(h)airde
múinteoirí damhsa agus múinteoirí
drámaíochta
coimeádaithe páirce, freastalaithe
ceannairí óige agus oiliúnoirí
lúthchleasaíochta*
- cur síos ar shuíomh agus ar shaintréithe spásanna súgartha
*sa bhaile, ar scoil, sa chomharsanacht agus
in áiteanna eile*
- turais chuig spásanna súgartha agus ar ais uathu a phlé agus a chlárú go simplí.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Snáithaonad Daoine agus áiteanna i gceantair eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí feasach ar roinnt gnéithe den saol a chaitheann daoine, go háirithe páistí, in Éirinn, san Eoraip agus i gceantair eile
ciníocha agus pobail
an gá atá ag daoine le bia, le foscadh agus le héadach
an scoil, ag súgradh agus ag obair
cluichí, amhráin agus nósanna, féilte agus féastaí
na himshaoil ina maireann daoine
ag oiriúniú d'imshaoil
úsáid ábhar áitiúil tógála (m.sh. tuí, slinn, cloch i mballaí, i ndromchlaí bóithre srl.)

- na bealaí ina mbraitheann daoine i gceantair dhifriúla ar a chéile agus ar dhaoine a mhaireann i gcodanna eile den domhan a léirthuisint.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Stair: Scéalaíocht

Snáithe: Imshaoil nádúrtha

Snáithaonad An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tréithe de roinnt príomhghnéithe nádúrtha san imshaol áitiúil a aithint, a iniúchadh agus a phlé

tréithe mar

ainmneacha, suíomh, cuma, flóra agus fána

de ghnéithe mar

cnoc, sliabh, portach, móinteán, abhainn, loch, bá, trá, nó ceann tíre

- uisce sa chomharsanacht a bhreathnú, a phlé agus a imscrúdú

an bhaint atá idir fliuchras, locháin, draenacha agus srutháin a bhreathnú agus a chlárú

mar is féidir le huisce ábhair atá difriúil ó thaobh méid agus meáchain a bhogadh a imscrúdú i dturgnaimh shimplí, i srutháin agus cois farraige

foghlaim faoi uisce agus a chuid úsáidí

- ábhair nádúrtha ilghnéitheacha san imshaol áitiúil a bhreathnú, a bhailiú agus a imscrúdú

ithir, láib, gaineamh, púróga, clocha agus carraigeacha a bhailiú agus a scrúdú samplaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus a ghrúpáil ina mórhacair (m.sh. gaineamh, clocha, ábhar plandúil) cáilíochtaí ábhar a imscrúdú (m.sh. crua nó bog, dath, uigeacht, fliuch nó tirim) a aithint gur gnáthóga iad ithreacha agus carraigeacha do dhúile beo mar phéisteanna, léicin, bhairnigh

- eispéiris agus torthaí breathnóireachta a chlárú agus a chur in iúl agus feidhm á baint as líníochtaí, pleananna, léirithe, mionsamhlacha agus sceitsí simplí.

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo; Ábhair

Snáithaonad An aimsir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an aimsir a bhreathnú agus a chlárú agus feidhm á baint as stór oiriúnach focal agus as fearas simplí
 - tosú ar néalbhrat agus dálaí eile a shamhlú le saghsanna éagsúla aimsire
 - tosú ar fháistíní simplí a cheapadh faoin aimsir agus iad a thástáil
 - bealaí ina dtéann an aimsir i bhfeidhm ar bheatha dhaoine a aithint
- éadach, bailte, cluichí, feirmeoireacht agus obair eile, taisteal*
- na tionchair a bhíonn ag an aimsir agus ag athruithe séasúracha eile ar dhaoine, ar ainmhithe agus ar phlandaí sa dúiche máguaird a bhreathnú agus a chlárú
 - an aimsir sa dúiche máguaird a chur i gcodarsnacht leis an aimsir i gceantair eile.

Snáithaonad Pláinéad an Domhain sa spás

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an ghrian a aithint mar fhoinsé teasa agus solais
- an ghrian, an ghealach, na réaltaí, lá agus oíche a aithint
- cur amach ar nádúr sféarúil an Domhain a fhorbairt.

Snáithe: Feasacht agus cúram imshaoil

Snáithaonad Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe nádúrtha agus daonna an imshaoil áitiúil a aithint, a phlé agus a léirthuisctint
- dúile beo i raon gnáthóg in imshaoil áitiúla agus in imshaoil níos fairsinge a bhreathnú agusfeasacht orthu a fhorbairt
- cosúlachtaí agus difríochtaí idir plandaí agus idir ainmhithe i ngnáthóga áitiúla difriúla a bhreathnú
- feasacht a fhorbairt faoi aer, uisce, ithir, rudaí beo agus rudaí neamhbheo a bheith riachtanach don imshaol
- dul i mbun tuisceana go mbraitheann daoine, ainmhithe agus plandaí ar a chéile
- a thuiscint go cruinn go bhfuil freagracht ar an duine aonair agus ar an bpobal araon as aire a thabhairt don imshaol
- straitéisí simplí chun an t-imshaol a fheabhsú agus aire a thabhairt dó a aithint, a phlé agus a fheidhmiú
aire a thabhairt d'éadach, do bhréagáin, agus d'áirgí eile
aire a thabhairt do dhúile beo sa dúiche máguaird
an baile, an seomra ranga, an scoil agus spásanna súgartha a choinneáil glan néata slán
- straitéisí simplí chun an t-imshaol a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú a aithint agus cuidiú lena gcur i bhfeidhm
crainn agus bláthanna a chur gairdín scoile a shaothrú
bheith páirteach i bhfeachtais i gcoinne bruscair
- éirífeasach ar bhealaí inar féidir an t-imshaol a thruailliú nó dochar a dhéanamh dó
bruscar, truailliú, loitiméireacht.

Nascadh

Gnóthófar a lán de chuspóirí an tsnáithe seo de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile den churaclam tíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim tíreolaíochta agus eolaíochta araon.

OSPS: Mise agus an domhan mór

Corpoideachas: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta.

Ranganna
3 agus 4

Forbairt scileanna agus coincheap

Tuiscint d’áit agus do spás	<ul style="list-style-type: none">Tuiscint d’áitTuiscint do spás
-----------------------------	-----------------------------------------------------------------------------------------

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha	<ul style="list-style-type: none">Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog
----------------------------------------------------	-------------------------------------------------------------------------------------------------

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha	<ul style="list-style-type: none">Ag ceistiúAg breathnúAg tuarAg imscrúdú agus ag tástáil	<ul style="list-style-type: none">Ag meas agus ag tomhasAg anailísiúAg clárú agus ag cur in iúl
-------------------------------------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thuas de réir mar a thugtar na snáitheanna agus na snáithaonaid churaclaim atá rianaithe thíos chun críche.

Snáitheanna

Imshaoil dhaonna

Snáithaonaid

<ul style="list-style-type: none">Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúilDaoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn	<p><i>Le hiniúchadh trí ábhar as na fo-aonaid seo a roghnú</i></p> <ul style="list-style-type: none">Daoine agus pobailGnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoineLonnaíocht: bailte agus foirgnimh eileDaoine i mbun oibreIompar agus cumarsáid
<ul style="list-style-type: none">Daoine agus críocha eile	<ul style="list-style-type: none">Imshaol i dtír Eorpach eileImshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip
<ul style="list-style-type: none">Lárionad sa chontae, sa réigiún agus sa tír	

Imshaoil nádúrtha

- An t-imshaol nádúrtha áitiúil
- Talamh, aibhneacha agus farraigí mo chontae
- Carraigeacha agus ithreacha
- Aimsir, aeráid agus aerbhrat
- Pláinéad an Domhain sa spás

Feasacht agus cúram imshaoil

- Feasacht imshaoil
- Ag tabhairt aire don imshaol

Pleanáil

Struchtúr

Tá ábhar an churaclaim tíreolaíochta do ranganna 3 agus 4 curtha i láthair in dhá mhír:

- mír *scileanna agus coincheap* ina gcuirtear síos ar na scileanna agus ar na coincheapa tíreolaíocha ar chóir do na páistí iad a shaothrú de réir mar a phléann siad le topaicí sa churaclam
- líon áirithe *snáitheanna* a rianaíonn na topaicí atá le cuimsiú sa churaclam tíreolaíochta. *Snáithaonaid* a thugtar ar na topaicí atá i ngach snáithe. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí i gcló iodálach ar fud na míreanna ábhar.

Is é cuspóir an ábhair a chuirtear i láthair sa dá mhír seo ná cuidiú leis na múinteoirí pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt scileanna, dearcaidh agus coincheap tábhachtach le linn d'eolas agus do thuiscint ar thopaicí tíreolaíocha bheith á sealbhú.

Scileanna agus coincheapa sa tíreolaíocht

Tá na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha a rianaítear ag an leibhéal seo eagraithe faoi thrí cheannteideal:

- *Tuiscint d'áit agus do spás*, a chuireann síos ar fhorás fheasacht an pháiste ar shaintréithe áiteanna, ar a (h)eolas ar shuíomh agus a c(h)umas mapála cognaithí sa gharthimpeallacht agus in imshaoil níos fairsinge
- *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*, a chuireann síos ar fhorás scileanna mapála an pháiste trí raon leathan léarscáileanna, cruinneog agus grianghraf a úsáid agus trí phleananna simplí agus sracléarscáileanna a dhéanamh
- *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, a rianaíonn conas is féidir raon de scileanna imscrúdaithe eolaíocha simplí a fhorbairt trí shaothar tíreolaíoch.

Soláthróidh na snáithaonaid atá sna trí shnáithe thíos an comhthéacs ina bhforbrófar formhór na scileanna agus na gcoincheap seo.

Snáitheanna an churaclaim thíreolaíochta

Cuireann snáitheanna an churaclaim na topaicí tíreolaíocha i láthair a iniúchfaidh na páistí trí staidéar a dhéanamh ar

- *Imshaoil dhaonna*, a thugann ar an bpáiste bheith páirteach i bhfoghlaim faoi dhaoine agus faoina gcomhghaolmhaireacht le himshaoil. Tuiscint páistí ar conas a shocraíonn idirghníomhú pobal, a ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha, agus gnéithe an imshaoil, idir fhoirgnithe agus nádúrtha, an meon a bhíonn ag áiteanna, forbrófar í sin trí imscrúduithe praiticiúla a dhéanamh ar raon d'áiteanna. Ba chóir an gharthimpeallacht, páirt chodarsnach d'Éirinn, imshaol Eorpach eile agus imshaol nach bhfuil san Eoraip a áireamh orthu seo. Cuideoidh gníomhaíochtaí as an snáithe seo freisin le feachtas faoi chomhspleáchas daonna a chothú maille le meas ar dhaoine a bhfuil traidisiúin shóisialta, chultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha difriúla acu
- *Imshaoil nádúrtha*, a bhaineann le heolas forásach an pháiste ar ghnéithe imshaoil nádúrtha sa dúiche agus in imshaoil níos fairsinge, ar fheiniméin aimsire agus ar shuíomh an Domhain sa spás
- *Feachtas agus cúram imshaoil*, a rianaíonn conas is féidir le tíreolaíocht agus le heolaíocht léirthuisceant an pháiste ar imshaoil a chothú maille le tuiscint go bhfuil freagracht air/uirthi féin as iad a chaomhnú agus a fheabhsú. Is cuid é an snáithe seo de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon agus beidh sé ina phríomhnasc traschuraclaim.

Soláthraíonn raon na moltaí atá in aonaid na snáitheanna seo an-chuid solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí agus iad ag roghnú ábhair.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach, is é sin gur féidir topaicí tíreolaíocha áirithe a iniúchadh ag roinnt leibhéal ach an cur chuige bheith ag éirí níos doimhne. Múinfeadh roinnt gnéithe den chlár i ranganna 3 agus 4 amháin, múinfeadh roinnt eile i ranganna 5 agus 6 amháin agus d'fhéadfaí roinnt eile fós a mhúineadh le tairbhe ag an dá leibhéal, ach na sonraí, na coincheapa agus na modhanna imscrúdaithe atá pas casta a fhágáil siar go dtí ranganna 5 agus 6. Cuideoidh an phleanáil a dhéanann scoileanna agus múinteoirí le deimhin a dhéanamh de go mbeidh leanúnachas agus forchéimniú tríd síos sa chlár tíreolaíochta a mhúinfeadh do na páistí agus go seachnófar athrá gan gá agus bearnaí suntasacha.

An t-imshaol áitiúil

Ba chóir gníomhaíochtaí tíreolaíocha a bhunú ar an imshaol áitiúil agus ba chóir deiseanna a bheith ag na daltaí go léir an t-imshaol a iniúchadh agus a imscrúdú go rianúil agus go críochnúil. Ba chóir coincheapa agus scileanna tíreolaíocha a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh ar an ngar-imshaol uair ar bith is féidir agus in imshaoil réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda ina dhiaidh sin.

Leithead agus doimhneacht i gcuraclam roghchláir

Cinntear, ach an curaclam bheith leathan cothrom, go mbeidh teacht ag na páistí ar raon cuimsitheach cothrom d'idéanna agus de choincheapa tíreolaíocha a bhaineann le himshaoil ilghnéitheacha agus ag an am céanna go gcuirfeadh deiseanna chun scileanna a fhorbairt ar fáil trí imscrúduithe praiticiúla sa dúiche máguaird. Nuair a bhíonn pleanáil ar siúl ag an scoil ba chóir féachaint chuige go gcuirtear gnéithe den saol i dtíortha forbartha agus i dtíortha forásacha san áireamh in ábhar na snáitheanna *Imshaoil dhaonna* nó *Feasacht agus cúram inshaoil*.

Níltear ag súil go dtabharfaidh na páistí gach cuspóir nó gach gníomhaíocht a mholtar sna snáithaonaid chun críche; is amhlaidh a bhainfidh idir mhúinteoirí agus scoileanna rogha as na cuspóirí ábhair agus as na heiseamláirí atá rianaithe.

Nascadh agus comhtháthú

Ba chóir na deiseanna le haghaidh staidéir chomhtháite atá ar fáil laistigh den OSIE féin agus le hachair fhoghlama eile a aithint le linn na pleanála. Bainfear úsáid as scileanna agus as próisis eolaíocha in a lán den staidéar ar *Imshaoil nádúrtha* agus soláthrófar deiseanna chun comhtháthú a dhéanamh le haonaid sa churaclam staire nuair a bhíonn staidéar ar *Imshaoil dhaonna* ar siúl. Ba chóir a mheabhrú freisin nach bhfuil na snáitheanna ná na snáithaonaid den churaclam tíreolaíochta scoite: d'fhéadfadh cuspóirí as roinnt aonad a bheith comhshnaidhmthe i dtopaic nó in imscrúdú tíreolaíoch.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bpléitear ar bhealach níos iomláine sa churaclam OSPS le gníomhaíochtaí arb é a n-aidhm tuiscint an pháiste ar shaoránaíocht, ar phobal, ar chomhspleáchas agus ar ghaolmhaireacht daonna a fhorbairt.

Laistigh de na míreanna ábhair, déantar moltaí sna nótaí laistíos de na snáithaonaid faoi roinnt de na cásanna ina bhféadfaí feidhm a bhaint as *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam tíreolaíochta) agus *comhtháthú* (.i. ceangail thraschuraclaim).

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 3 agus 4

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thíos de réir mar a thugtar snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim chun críche.

Tuiscint d'áit agus do spás

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Tuiscint d'áit

- roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche timpeall agus an chontae a iniúchadh agus eolas ceart a chur orthu

daoine agus pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar

phríomhghnéithe nádúrtha

lonnaíocht: bailte móra, foirgnimh eile, spásanna oscailte

gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus fóillíochta, láithreacha oibre

naisc iompair agus naisc eile atá idir na gnéithe seo

- roinnt feasachta faoi na sainghnéithe daonna agus nádúrtha a bhaineann le roinnt áiteanna in Éirinn agus in áiteanna eile sa domhan

Tuiscint do spás

- tuiscint a shaothrú ar shuíomh agus méid príomhghnéithe nádúrtha agus daonna i leith a chéile

príomhghnéithe na dúiche máguaird agus an chontae

lón beag de phríomhghnéithe áiteanna eile in Éirinn

- roinnt feasachta a shaothrú faoi ainmneacha agus faoi shuímh roinnt tíortha Eorpacha i leith a chéile
- príomhairde an chompáis a shuí agus iad a úsáid sa dúiche máguaird
- léarscáileanna a úsáid chun bealaí agus treonna sa dúiche máguaird a chlárú.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim tíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog

- roinnt cur amach ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif a bhfuil scálaí agus cuspóirí ilghnéitheacha acu a shaothrú agus iad a chur chun úsáide praiticiúla

pleananna seomra nó foirgnimh

léarscáileanna a dhéanamh de mhionsamhlacha agus de thithe bréige

léarscáileanna agus grianghraif aerga de cheantair aithnidiúla

léarscáileanna den dúiche máguaird, d'Éirinn, den Eoraip agus den domhan

léarscáileanna ar dhlúthdhiosca agus ar fhoinsí mheáin leictreonacha eile

- tuiscint a shaothrú ar roinnt gnéithe agus comhghnásanna coitianta léarscáile agus iad a úsáid

comharthaí (m.sh. do nithe agus do bhallaí, do thalamh agus d'uisce)

ciall do pheirspictíocht aerga

eochair, innéacs agus tagairt shimplí ar nós eangaí

léarscáil de cheantar teoranta a ailíniú (nó a shocrú)

- léarscáileanna simplí a dhéanamh den bhaile, den seomra ranga, den scoil agus den gharthimpeallacht
- príomhghnéithe tíreolaíocha a aithint agus áiteanna a aimsiú ar an gcruinneog.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim tíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe agus phróisis nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht agus faoina gcomhghaolmhaireacht

Cad a dhéanann an áit seo éagsúil le háiteanna eile?

Conas a úsáideann an feirmeoir an talamh seo?

Ag breathnú

- gnéithe agus próisis nádúrtha agus daonna san imshaol agus a gcomhghaolmhaireacht a bhreathnú agus a phlé agus cur síos a dhéanamh orthu

cruthanna agus toirteanna gnéithe nádúrtha

dathanna agus uigeacht foirgneamh agus sráid-dreach

Ag tuar

- moltaí (hipitéisí) bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh faoin toradh is dóichí a bheadh ar imscrúdú

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí ilghnéitheacha

breathnóireacht agus turgnaimh san imshaol agus sa seomra ranga

grianghraif, leabhair, léarscáileanna, meáin leictreonacha agus meáin nach iad

Ag meas agus ag tomhas

- gléasanna agus fearas simplí cuí a úsáid chun sonraí a bhailiú

méadar báistí seiftithe, roth tomhais, compás

- aonaid chaighdeánacha chuí tomhais a úsáid

Ag anailísiú

- ag sórtáil, ag grúpáil agus ag rangú sonraí faoi dhaoine, faoi ghnéithe, faoi eachtraí agus faoi fheiniméin nádúrtha agus feidhm á baint as raon critéar cuí

saghsanna plandaí san imshaol

saghsanna siopaí nó foirgneamh i gceantar uirbeach

- patrúin agus gaolmhaireacht san imshaol a chuardach agus a aithint

patrúin shéasúracha i bhfaisnéisí aimsire

na háiteanna is fearr sa ghairdín chun plandaí a chur

maiseanna uisce agus talún ar léarscáileanna

- eolas a chiallú agus mínithe a thabhairt
- tátail a bhaint as gnéithe oiriúnacha den fhianaise a bhailítear

Ag clárú agus ag cur in iúl

- torthaí agus tátail a chlárú agus a léiriú agus feidhm á baint as modhanna éagsúla ar a n-áireofaí meáin bhéil, scríofa, phictiúrtha, ghrianghrafacha, léaráideacha, ghrafacha agus leictreonacha, agus ag úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Snáithe: Imshaoil dhaonna

Snáithaonaid Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil agus

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn

Déanfar na haonaid seo a chomhlánú trí fheidhm a bhaint as gnéithe cuí de na fo-aonaid seo a leanas.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Daoine agus pobail

- foghlaim faoi na daoine agus faoi na pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus léirthuisicint agus meas ceart orthu a shealbhú

baill de phobal na scoile agus den phobal áitiúil

mar a chabhraíonn daoine lena chéile agus mar a bhraitheann siad ar a chéile

na daoine agus na grúpaí éagsúla sa phobal clubanna áitiúla agus eagraíochtaí eile

naisc le daoine in áiteanna eile in Éirinn agus sa domhan

Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine

- éirí feasach ar na gnéithe nádúrtha sa dúiche timpeall agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus ar an ngaol atá acu le saol na ndaoine a chónaíonn sna háiteanna sin

gnéithe nádúrtha feiceálacha (m.sh. abhainn, cnoc, farraige)

plandaí agus ainmhithe

an chomhghaolmhaireacht idir gnéithe nádúrtha agus saol daoine

logainmneacha agus a mbunús i ngnéithe nádúrtha

Nascadh

Imshaoil nádúrtha—An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Feasacht agus cúram imshaoil

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Stair: Staidéir áitiúla

Eolaíocht: Dúile beo—Plandaí agus ainmhithe

Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile

- príomhghnéithe an imshaoil fhoirgnithe sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn a iniúchadh agus a imscrúdú agus léirthuisicint orthu a shealbhú

a b(h)aile, a shuíomh sin agus a thimpeallacht

an éagsúlacht i mbailte an cheantair (m.sh. tithe, tithe feirme, iostáin, árasáin, carbháin, tithe so-aistrithe, leantóirí)

bheith gan dídean tí

foirgnimh agus gnéithe daonna eile, a suíomh agus a bhfeidhmeanna (m.sh. siopaí, oifigí, láithreacha eile oibre, tithe feirme, cloís feirme agus páirceanna)

samplaí de chaomhnú agus d'athrú

na hábhair a úsáidtear chun bailte agus foirgnimh eile a thógáil

dathanna, patrúin agus uigeacht i bhfoirgnimh, i sráid-dreacha agus i ndromchlaí cosán, bóithre agus sráideanna

seirbhísí do bhailte agus d'fhoirgnimh eile (m.sh. soláthar uisce, séarachas, córas téimh, leictreachas, teilifís chábla, seirbhís teileafóin)

pleananna, léarscáileanna agus mionsamhlacha simplí (m.sh. an taobh istigh de bhailte agus d'fhoirgnimh eile agus na hachair timpeall orthu).

Nascadh

Feasacht agus cúram imshaoil: Feasacht imshaoil

Comhtháthú

Stair: Staidéir áitiúla

Eolaíocht: Ábhair; Ag dearadh agus ag déanamh

Amharcealaíona: comhlánfaidh staidéar ar dhathanna, ar phatrúin agus ar uigeacht san imshaol an staidéar ar na hamharcealaíona.

Daoine i mbun oibre

- líon beag de ghnáth-ghníomhaíochtaí eacnamaíocha daoine sa dúiche timpeall agus i gceantar codarsnach in Éirinn a iniúchadh agus a imscrúdú

Bia agus feirmeoireacht, iascaireacht, foraoiseacht

imshaol agus obair na mbuntáirgeoirí, táirgí, margaí

Tionscal

obair na monarchan, an lucht oibre, amhábhair agus táirgí, margaí, an gá le córais iompair agus cumarsáide

Seirbhísí

seirbhísí atá ar fáil sa dúiche timpeall (m.sh. siopaí, cúram sláinte, uisce, séarachas, soláthar fuinnimh)

obair na ndaoine a chuireann na seirbhísí seo ar fáil

Turasóireacht, fóillíocht agus caitheamh aimsire

buanna agus áiseanna áitiúla (daoine, áiteanna agus tírdhreacha san áireamh)

obair na ndaoine atá páirteach iontu cúram a dhéanamh de bhuanna agus d'áiseanna áitiúla agus iad a fheabhsú

Téamaí ginearálta

tábhacht na fostaíochta a ghintear tionchar tosca imshaoil ar na gníomhaíochtaí seo (m.sh. ar obair feirmeoirí, ar shuíomh áiseanna turasóireachta)

tionchar na ngníomhaíochtaí seo ar an imshaol (m.sh. an trácht ar bhóithre, torann, an gá le foirgnimh nua)

comhspleáchas daoine sa dúiche máguaird, in Éirinn agus i dtíortha eile

Iompar agus cumarsáid

- éirí feasach ar chineálacha iompair agus ar bhealaí iompair sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn
- éirí eolach ar na modhanna cumarsáide atá ar fáil
- obair na ndaoine a bhfuil baint acu le hiompar agus le cumarsáid a imscrúdú.

Nascadh

Feasacht agus cúram imshaoil: Feasacht imshaoil

Comhtháthú

Stair: Staidéir áitiúla

Eolaíocht: Ábhair; Ag dearadh agus ag déanamh

Snáithaonad Daoine agus críocha eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar roinnt de ghnéithe na n-imshaol agus ar shaol daoine i suíomh amháin san Eoraip agus i suíomh amháin in áit eile sa domhan

*suíomh na gceantar seo
na daoine agus na pobail a chónaíonn iontu
teanga(cha), miotais agus scéalta, ealaín
agus cultúr
éadaí
súgradh agus caitheamh aimsire
gnéithe an imshaoil nádúrtha
an chomhghaolmhaireacht idir saol na
ndaoine agus na gnéithe seo
lonnaíochtaí: bailte agus foirgnimh eile
gnáthábhair thógála agus sainghnéithe
bia agus feirmeoireacht
obair agus láithreacha oibre
cosúlachtaí le hÉirinn agus codarsnacht léi*

- feachtas faoi chomhspleáchas na ndaoine seo agus daoine in Éirinn a shaothrú
- tosú ar bhraistint a shaothrú ar a b(h)allraíocht den phobal áitiúil, de phobal an chontae, agus de na pobail náisiúnta, Eorpacha agus domhanda.

Comhtháthú

Stair: Scéalaíocht; Pobail agus sochaithe ársa

Eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh

Snáithaonad Lárionaid sa chontae, sa réigiún agus sa tír

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí eolach ar shuíomh agus ar ainmneacha ceantar uirbeach sa tír agus ar roinnt de na foirgnimh, de na monarchana agus de na gnéithe tábhachtacha eile atá iontu
- roinnt eolais a shaothrú ar shuíomh an chontae agus suíomh contaetha comharsanacha i leith a chéile

- éirí eolach ar shuíomh agus ar ainmneacha roinnt bheag de na bailte móra agus de na cathracha is mó atá sa réigiún agus in Éirinn.

Snáithe: Imshaol nádúrtha

Snáithaonad An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- roinnt gnéithe nádúrtha san imshaol áitiúil a iniúchadh agus éirí eolach orthu

tréithe mar

*ainmneacha, suímh i leith gnéithe eile
cruth agus cuma, plandaí agus ainmhithe*

de ghnéithe mar

*sruthán, abhainn, cnoc, gleann, sliabh,
ísealchríoch, trá, bá, ceann tíre*

- faid a mheas agus na príomhthreonna a shocrú fad a bhíonn na gnéithe seo á n-iniúchadh

- slite ina bhfuil na gnéithe seo dulta i bhfeidhm ar shaol plandaí, ainmhithe agus daoine a bhreathnú agus a iniúchadh

tionchar cnoic, portaigh nó srutháin ar iompar, ar bhóithre agus ar dhroichid, ar bhailte móra agus chathracha

an sruthán, an sliabh, an trá srl. mar ghnáthóg do phlandaí agus d'ainmhithe

- slite ina bhfuil úsáid bainte ag daoine as na gnéithe seo agus na hathruithe a tharla dá thoradh sin a imscrúdú

an trá agus an bhá á n-úsáid chun fóillíochta agus caithimh aimsire

soláthar, cóireáil agus dáileadh uisce ó aibhneacha agus ó lochanna go dtí bailte sa cheantar.

Nascadh

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil—Gnéithe an imshaol nádúrtha agus daoine

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo; Ábhair

Snáithaonad Talamh, aibhneacha agus farraigí mo chontae

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí eolach ar ainmneacha agus suímh príomhghnéithe nádúrtha sa chontae

*sléibhte, ísealchríocha, portaigh, aibhneacha,
lochanna, bána, inbhir, cinn tíre agus oileáin*

- roinnt eolais a chur ar an mbaint atá ag na gnéithe seo lena chéile agus le gnéithe den imshaol foirgnithe mar bhóithre, dhroichid, bhailte móra agus chathracha

foinsí aibhneacha sna sléibhte nó i lochanna bóithre, iarnróid agus droichid thar aibhneacha

bailte móra a tógadh gar do bhánna nó d'aibhneacha, mianaigh sna sléibhte.

Snáithaonad Carraigeacha agus ithreacha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- samplaí d'ithreacha difriúla sa gharthimpeallacht agus in imshaoil eile a bhreathnú, a bhailiú agus a scrúdú
- na comhábhair sna samplaí a shórtáil agus a ghrúpáil
carraigeacha, púroga, gaineamh, ábhar plandúil

Comhtháthú

Eolaíocht: Ábhair

- na hábhair a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, ag díriú ar chritéir áirithe
dath, uigeacht, úsáid, neart, cruas, méid agus meáchan

- tosú ar thionchar carraigeacha agus ithreacha ar na plandaí agus ar na hainmhithe a iniúchadh

tosca fisiceacha, ithir, soláthar uisce agus bia ag dul i bhfeidhm ar raon na bplandaí agus na n-ainmhithe.

Snáithaonad Aimsir, aeráid agus aerbhrat

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Faisnéisí aimsire

- fearas simplí a úsáid chun feiniméin aimsire a bhreathnú agus a chlárú
cineálacha simplí scamall, teocht, fliuchras, treo na gaoithe
grianghraif shatailíte ar nuachtáin, ar an teilifís nó ar an idirlíon a scrúdú
- faisnéisí simplí aimsire a chlárú agus a léiriú ar bhealach rianúil agus úsáid á baint as grafanna, cairteacha agus samhailchomharthaí meitéareolaíocha
- an anailís ar chlárú aimsire a úsáid chun tosú ar chur síos simplí ar scamaill, ar mhéid an néalbhráit ar threo na gaoithe agus ar dhálaí eile a shamhlú le saghsanna áirithe aimsire; fáistíní a dhéanamh faoin aimsir agus iad a thástáil

Comhtháthú

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Teas

- an teocht laistigh agus lasmuigh, ar scáth na gréine agus faoin ngrian, ar shleasa difriúla foirgnimh a chur i gcomparáid, agus cúiseanna leis na difríochtaí a iniúchadh

Aimsir agus aeráid

- staidéar a dhéanamh ar athruithe san aimsir i rith na bliana agus ar a dtionchar ar phlandaí, ar ainmhithe agus ar dhaoine
- tosú ar thábhacht fuinneamh na gréine i leith an Domhain a thuiscint
- roinnt feasachta a shaothrú faoi phatrúin aimsire agus aeráide agus a ngaolmhaireacht le beatha phlandúil, ainmhíoch agus dhaoine i roinnt imshaol in áiteanna eile sa domhan
- seanchas faoin aimsir sa dúiche máguaird a chnuasach agus a chlárú.

Snáithaonad Pláinéad an Domhain sa spás

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- suíomh na gréine agus í ag éirí agus ag dul faoi agus malairt fad laethanta agus oícheanta ó shéasúr go séasúr a bhreathnú, cur síos orthu agus iad a chlárú
- scáthanna, treonna agus solas na gréine a imscrúdú
- tábhacht sholas na gréine d'ainmhithe agus do phlandaí a thuiscint
- tosú ar thionchar na gréine ar an aimsir agus ar dhálaí atmaisféaracha a thuiscint
- éirí feasach ar a bhaolaí is atá solas na gréine don chraiceann agus don radharc.

Snáithe: Feasacht agus cúram imshaoil

Snáithaonad Feasacht imshaoil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe d'imshaoil nádúrtha áitiúla agus d'imshaoil dhaonna a mheastar a bheith tarraingteach nó mítharraingteach a aithint agus a phlé

dathanna, uigeacht agus cruthanna i gceantair thuaithe nó uirbeacha

an raon ábhar

áilleacht na beatha, idir phlandaí is ainmhithe

foirgnimh, ballaí agus gnéithe eile

áiteanna a thaitníonn le daoine agus áiteanna nach maith leo

fáthanna leis na tosaíochtaí seo

- an chomhghaolmhaireacht atá idir rudaí beo agus neamhbheo in imshaoil áitiúla agus in imshaoil nach iad a aithint

plandaí, ainmhithe, uisce, aer agus ithir i ngnáthóga

- roinnt feasachta a shaothrú faoi na cineálacha imshaol atá ar fáil in Éirinn agus in áiteanna eile sa domhan

sléibhte, portaigh, farraigí, fásach, foraois, talamh féaraigh, tírdhreach oighear, tundra

- éirí feasach ar na hacmhainní in-athnuaite agus neamh-inathnuaite atá sa Domhan

- a aithint conas is féidir le gníomhartha daoine dul i bhfeidhm ar imshaoil

crainn á gcur nó á leagan, fáлта sceach á scriosadh, riasca á ndraenáil, ró-innilt ar shléibhte, foirgnimh, bóithre, páirceanna, láithreáin fuílligh, droichid

- gníomhaíochtaí daonna a dtig leo tionchair dhearfacha nó dhochracha a bheith acu ar an imshaol áitiúil agus ar imshaoil níos fairsinge a aithint agus a imscrúdú

gníomhaíochtaí a ghineann dramhaíl bith-indíghrádaithe agus dramhaíl nach bhfuil bith-indíghrádaithe (m.sh. dramhaíl bia i gcodarsnacht le roinnt pacáistí plaisteacha)

gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar cháilíocht aeir nó uisce

gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar phlandaí agus ar ainmhithe

gnó na hathchúrsála

- léirthuisint a ghnóthú ar an ngá atá le hacmhainní an Domhain a chaomhnú.

Nascadh

Gnóthófar a lán de chuspóirí an aonaid seo de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile an churaclaim thíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon.

Amharcealaíona: déanfaidh feasacht faoi dhathanna agus faoi uigeacht san imshaol an obair sna hamharcealaíona a chomhlánú.

Corpoideachas: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Ag tabhairt aire don imshaol

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scrúdú a dhéanamh ar roinnt bealaí ina bhféadfaí imshaoil áitiúla agus imshaoil eile a fheabhsú nó a fhoirfiú
- saincheist faoi imshaol áitiúil, náisiúnta nó domhanda a aithint agus a phlé
- a thuiscint go cruinn go bhfuil freagracht ar an duine aonair agus ar an bpobal araon as aire a thabhairt d'imshaoil agus as iad a chaomhnú.

saincheist mar

bruscar sa cheantar

teagmhas truaillithe

an gá le rotharshlite sábháilte gar don scoil

athruithe ar phlandaí nó ar ainmhithe

an gá le gnáthóg maille lena plandaí agus a hainmhithe a chosaint

an gá le himshaol nádúrtha nó daonna a chaomhnú

an gá le bóithre nó le foirgnimh nua

cúiseanna na saincheiste a imscrúdú

gnó agus dearcadh na ndaoine atá páirteach a thuiscint

gníomhartha nó réitigh indéanta a mholadh agus a phlé agus a dtionchar siúd ar dhaoine agus ar an imshaol a mheas

bheith páirteach i réiteach na saincheiste más féidir

cuidiú i bhfeachtas i gcoinne bruscair

rudaí a bhailiú le haghaidh athchúrsála

cuidiú le rotharshlí a dhearadh

litreacha a scríobh mar gheall ar an tsaincheist nó an fhadhb

póstaeir a dhearadh

Nascadh

Gnóthófar a lán de chuspóirí an aonaid seo de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile an churaclaim thíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon.

OSPS: Mise agus an Domhan mór—Ag forbairt saoránachta

Amharcealaíona: déanfaidh feasacht faoi dhathanna agus faoi uigeacht san imshaol an obair sna hamharcealaíona a chomhlánú.

Ranganna
5 agus 6

Pleanáil

Struchtúr

Tá ábhar an churaclaim tíreolaíochta do ranganna 5 agus 6 curtha i láthair in dhá mhír:

- mír *scileanna agus coincheap* ina gcuirtear síos ar na scileanna agus ar na coincheapa tíreolaíocha ar chóir do na páistí iad a shaothrú de réir mar a phléann siad le topaicí sa churaclam
- líon áirithe *snáitheanna* a rianaíonn na topaicí atá le cuimsiú sa churaclam tíreolaíochta. *Snáithaonaid* a thugtar ar na topaicí atá i ngach snáithe. Taispeántar eiseamláirí agus moltaí i gcló iodálach ar fud na míreanna ábhar.

Is é cuspóir an ábhair a chuirtear i láthair sa dá mhír seo ná cuidiú leis na múinteoirí pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt scileanna, dearcaidh agus coincheap tábhachtach le linn d'eolas agus do thuiscint ar thopaicí tíreolaíocha bheith á sealbhú.

Scileanna agus coincheapa sa tíreolaíocht

Tá na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha a rianaítear ag an leibhéal seo eagraithe faoi thrí cheannteideal:

- *Tuiscint d'áit agus do spás*, a chuireann síos ar fhorás fheasacht an pháiste ar shaintréithe áiteanna, ar a (h)eolas ar shuíomh agus a c(h)umas mapála cognaithí sa dúiche máguaird agus in imshaoil níos fairsinge
- *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*, a chuireann síos ar fhorás scileanna mapála an pháiste trí raon leathan léarscáileanna, cruinneog agus grianghraf a úsáid agus trí phleananna, mhionsamhlacha agus shracléarscáileanna simplí a dhéanamh
- *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, a rianaíonn conas is féidir raon de scileanna imscrúdaithe eolaíocha simplí a fhorbairt trí shaothar tíreolaíoch.

Soláthróidh na snáithaonaid atá sna trí shnáithe thíos an comhthéacs ina bhforbrófar formhór na scileanna agus na gcoincheap seo.

Snáitheanna an churaclaim tíreolaíochta

Cuireann snáitheanna an churaclaim na topaicí tíreolaíocha i láthair a iniúchfaidh na páistí trí staidéar a dhéanamh ar

- *Imshaoil dhaonna*, a thugann ar an bpáiste bheith páirteach i bhfoghlaim faoi dhaoine agus faoina gcomhghaolmhaireacht le himshaoil. Trí imscrúduithe praiticiúla a dhéanamh ar raon d'áiteanna forbrófar tuiscint páistí ar conas a shocraíonn idirghníomhú pobal, a ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha agus gnéithe an imshaoil, idir fhoirgnithe agus nádúrtha, an meon a bhíonn ag áiteanna. Ba chóir an dúiche máguaird, ceantar codarsnach in Éirinn, imshaol Eorpach eile agus imshaol nach bhfuil san Eoraip a áireamh ar na háiteanna a ndéanfar staidéar orthu. Cuideoidh gníomhaíochtaí as an snáithe seo freisin, agus staidéir ar shaincheistean trádála agus forbartha bheith san áireamh, le feasacht faoi chomhspleáchas daonna a chothú maille le meas ar dhaoine a bhfuil traidisiúin shóisialta, chultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha dhifriúla acu
- *Imshaoil nádúrtha*, a bhaineann le heolas forásach an pháiste ar ghnéithe imshaoil nádúrtha sa dúiche agus in imshaoil níos fairsinge, ar fheiniméin mheitéareolaíocha agus atmaisféaracha agus ar shuíomh an Domhain sa spás
- *Feasacht agus cúram imshaoil*, a rianaíonn conas is féidir le tíreolaíocht agus le heolaíocht léirithuiscint an pháiste ar imshaoil a chothú maille le tuiscint go bhfuil freagracht air/uirthi féin iad a chaomhnú agus a fheabhsú. Is cuid é an snáithe seo de na curaclaim tíreolaíochta agus eolaíochta araon agus beidh sé ina phríomhnasc traschuraclaim.

Soláthraíonn raon na moltaí atá in aonaid na snáitheanna seo an-chuid solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí agus iad ag roghnú ábhair.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach, is é sin gur féidir topaicí tíreolaíocha áirithe a iniúchadh ag roinnt leibhéal ach an cur chuige bheith ag éirí níos doimhne. Múinfear roinnt gnéithe den chlár i ranganna 3 agus 4 amháin, múinfear roinnt eile i ranganna 5 agus 6 amháin agus d'fhéadfaí roinnt eile fós a mhúineadh le tairbhe ag an dá leibhéal, ach na sonraí, na coincheapa agus na modhanna imscrúdaithe atá pas casta a fhágáil siar go dtí ranganna 5 agus 6. Cuideoidh an phleanáil a dhéanann scoileanna agus múinteoirí le deimhin a dhéanamh de go mbeidh leanúnachas agus forchéimniú tríd síos sa chlár tíreolaíochta a mhúinfear do na páistí agus go seachnófar athrá gan gá agus bearnaí suntasacha.

An t-imshaol áitiúil

Ba chóir gníomhaíochtaí tíreolaíocha a bhunú ar an imshaol áitiúil agus ba chóir deiseanna a bheith ag na daltaí go léir an t-imshaol a iniúchadh agus a imscrúdú go rianúil agus go críochnúil. Ba chóir coincheapa agus scileanna tíreolaíocha a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh ar an ngarthimpeallacht uair ar bith is féidir agus in imshaoil réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda ina dhiaidh sin.

Leithead agus doimhneacht i gcuraclam roghchláir

Cinntear, ach an curaclam bheith leathan cothrom, go mbeidh teacht ag na páistí ar raon cuimsitheach cothrom d'idéanna agus de choincheapa tíreolaíocha a bhaineann le himshaoil ilghnéitheacha agus ag an am céanna go gcuirfear deiseanna chun scileanna a fhorbairt ar fáil trí imscrúduithe praiticiúla sa dúiche máguaird. Nuair a bhíonn pleanáil ar siúl ag an scoil ba chóir féachaint chuige go gcuirtear gnéithe den saol i dtíortha forbartha agus i dtíortha forásacha san áireamh in ábhar na snáitheanna *Imshaoil dhaonna* nó *Feasacht agus cúram imshaoil*.

Níltear ag súil go dtabharfaidh na páistí chun críche gach cuspóir sna snáithaonaid nó gach gníomhaíocht a mholtar; is amhlaidh a bhainfidh idir mhúinteoirí agus scoileanna rogha as na cuspóirí ábhair agus as na heiseamláirí atá rianaithe.

Nascadh agus comhtháthú

Ba chóir na deiseanna le haghaidh staidéir chomhtháite atá ar fáil laistigh den OSIE féin agus le hachair fhoghlama eile a aithint le linn na pleanála. Bainfear úsáid as scileanna agus as próisis eolaíocha in a lán den staidéar ar *Imshaoil nádúrtha* agus soláthrófar deiseanna chun comhtháthú a dhéanamh le haonaid sa churaclam staire nuair a bhíonn staidéar ar *Imshaoil dhaonna* ar siúl. Ba chóir a mheabhrú freisin nach bhfuil na snáitheanna ná na snáithaonaid den churaclam tíreolaíochta scoite: d'fhéadfadh cuspóirí as roinnt aonad bheith comhshnaidhmthe i dtopaic nó in imscrúdú tíreolaíoch.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bpléitear ar bhealach níos iomláine sa churaclam OSPS le gníomhaíochtaí arb é a n-aidhm tuiscint an pháiste ar shaoránacht, ar phobal, ar chomhspleáchas agus ar ghaolmhaireacht dhaonna a fhorbairt.

Laistigh de na míreanna ábhair, déantar moltaí sna nótaí laistíos de na snáithaonaid faoi roinnt de na cásanna ina bhféadfaí feidhm a bhaint as *nascadh* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam tíreolaíochta) agus as *comhtháthú* (.i. ceangail thraschuraclaim).

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 5 agus 6

Forbrófar na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha thíos de réir mar a thugtar snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim chun críche.

Tuiscint d'áit agus do spás

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Tuiscint d'áit

- gnéithe suntasacha nádúrtha agus daonna na dúiche máguaird, an chontae agus na hÉireann a iniúchadh agus éirí eolach orthu
*daoine agus pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sna ceantair sin
mar a thugann litríocht, cultúr, teanga agus nósanna léargas ar nádúr áiteanna
príomhghnéithe nádúrtha
lonnaíocht: bailte, foirgnimh eile, spásanna oscailte
gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus fóillíochta
teorainneacha bailte fearainn, paróistí agus contaetha
réigiúin mhóra (m.sh. Boireann, Machaire Méith na Mumhan)
naisc iompair agus cineálacha eile nasc atá idir na gnéithe seo*
- éirí eolach ar ghnéithe suntasacha nádúrtha agus daonna a bhaineann le roinnt áiteanna san Eoraip agus le háiteanna eile sa domhan

Tuiscint do spás

- tuiscint a fháil ar shuíomh agus ar mhéid príomhghnéithe nádúrtha agus daonna i leith a chéile
*príomhghnéithe na dúiche máguaird agus an chontae
roinnt de phríomhghnéithe na hÉireann
teorainneacha contaetha agus cúigí agus teorainneacha eile in Éirinn*
- tosú ar thuiscint a shaothrú ar ainmneacha roinnt de ghnéithe nádúrtha agus daonna na hEorpa agus an domhain agus ar a suíomh i leith a chéile
*líon beag de phríomhghnéithe nádúrtha
roinnt tíortha, príomhchathracha agus mórchathracha
teorainnacha ilchríocha*
- faid a mheas agus a thomhas agus na príomhairde a shuí le linn don dúiche máguaird bheith á hiniúchadh
- roinnt feasachta a shaothrú faoi threonna in imshaoil níos fairsinge
- treonna agus bealaí a úsáid agus a chlárú ar léarscáileanna.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus mionsamhlacha

- cur amach ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif a bhfuil scálaí agus cuspóirí ilghnéitheacha ag baint leo a shaothrú agus iad a chur chun úsáide praiticiúla

*léarscáileanna den dúiche máguaird, d'Éirinn, den Eoraip agus den domhan
léarscáileanna bealaigh do bhusanna, do thraenacha agus do chórais eile,
grianghraif aerga*

*léarscáileanna ar dhlúthdhiosca agus ar mheáin leictreonacha eile
tuiscint a shaothrú ar ghnéithe agus ar chomhghnásanna coitianta léarscáile
agus iad a úsáid*

*samhailchomharthaí (m.sh. scáiliú comhrianta chun sléibhte agus ísealchríoch a
thaispeáint)*

eochair, innéacs agus tagairtí simplí ar nós eangaí

léarscáil cheantair nó réigiúin a ailíniú (nó a shocrú)

scála

- léarscáileanna a úsáid chun bealaí agus treonna sa timpeallacht agus in imshaoil níos fairsinge a chlárú
- roinnt léarscáileanna agus mionsamhlacha simplí de ghnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a dhéanamh

Léarscáileanna agus cruinneoga

- léarscáileanna, cruinneoga, grianghraif aerga, grianghraif shatailíte agus íomhánna cianbhraite eile a chur i gcomparáid

- eochairlínte domhanleithid agus domhanfhaid a aithint ar an gcruinneog

*an Meánchiorcal, Trópaicí an Phortaín agus an Ghabhair, an Ciorcal Artach
agus an Ciorcal Antartach, Fadlíne Greenwich, an Líne Dáta Idirnáisiúnta
domhanleithead agus domhanfhaid na hÉireann*

- roinnt feasachta a shaothrú faoi na fadhbanna a bhaineann le déanamh léarscáileanna

*an tionchar a bhíonn ag teilgin léarscáile éagsúla ar mhéid tíortha i leith a
chéile*

tábhacht peirspictíochta agus laofachta i ndéanamh léarscáileanna.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

De thoradh snáithaonaid an churaclaim thíreolaíochta a chomhlánú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe agus faoi phróisis nádúrtha agus daonna san imshaol agus faoina gcomhghaolmhaireacht

Conas atá an áit seo athraithe ag daoine agus cén fáth?

Cén fáth ar chóir monarcha a shuí san áit seo?

Ag breathnú

- gnéithe agus próisis nádúrtha agus daonna an imshaoil agus a gcomhghaolmhaireacht a bhreathnú

dathanna agus uigeacht ábhar nádúrtha

stíleanna agus ábhair thógála i gceantair uirbeacha nó tuaithe

patrúin dhifriúla fheirme agus lonnaithe i dtírdhreacha tuaithe

Ag tuar

- moltaí (hipitéisí) bunaithe ar roinnt breathnóireachta a dhéanamh faoin toradh is dóichí a bheadh ar imscrúduithe
- tátail a bhaint as moltaí agus as torthaí breathnóireachta
- idéanna nó teoiricí simplí ar féidir iad a thástáil trí thurgnaimh a mholadh

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí éagsúla

breathnóireacht agus turgnaimh san imshaol agus sa seomra ranga

grianghraif, leabhair, léarscáileanna agus meáin nach iad

teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ag meas agus ag tomhas

- gléasanna agus teicníochtaí simplí cuí a úsáid chun sonraí a bhailiú
- aonaid chaighdeánacha chuí tomhais a úsáid

fliuchras i milliméadair, faid i méadair agus i gciliméadair

luas na gaoithe de réir scála Beaufort

Ag anailísiú

- ag sórtáil, ag rangú agus ag grúpáil sonraí faoi dhaoine, faoi eachtraí agus faoi fheiniméin nádúrtha agus feidhm á baint as raon critéar cuí

*foirgimh a ghrúpáil ó thaobh úsáide i gceantar uirbeach
goirt ar fheirm a ghrúpáil de réir na mbarr a fhástar iontu*

- patrúin agus gaolmhaireacht san imshaol a lorg agus a aithint

*patrúin laethúla sa sreabh tráchta ar bhóthar
na ceangail idir threo na gaoithe, teocht agus fliuchras*

- eolas a chiallú agus mínithe a thabhairt
- tátail a bhaint as gnéithe oiriúnacha den fhianaise a bhailítear

Ag clárú agus ag cur in iúl

- torthaí agus tátail a chlárú agus a chur i láthair agus feidhm á baint as modhanna ilghnéitheacha ar a n-áireofaí meáin bhéil, scríofa, phictiúrtha, ghrianghrafacha, léaráideacha, ghrafacha agus leictreonacha agus úsáid á baint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ag meastóireacht

- na modhanna a úsáideadh le haghaidh imscrúduithe a athbhreithniú agus a dtairbhe a mheas.

Snáithe: Imshaoil dhaonna

Snáithaonaid Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil *agus*

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn

Déanfar na haonaid seo a chomhlánú trí fheidhm a bhaint as gnéithe cuí de na fo-aonaid seo a leanas.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Daoine agus pobail

- foghlaim faoi na daoine agus faoi na pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus léirthuisctint cheart a ghnóthú orthu

daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sna ceantair seo

mar a bhraitheann daoine sna ceantair seo ar a chéile

urraim agus meas a bheith ar ilghnéitheacht sa phobal

an pháirt a ghlacann grúpaí agus eagraíochtaí sa phobal

comhspleáchas daoine áitiúla agus daoine in áiteanna eile in Éirinn agus sa domhan

Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine

- éirífeasach ar na gnéithe nádúrtha atá sa dúiche áitiúil agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus ar an gcomhghaol atá acu leis na daoine a chónaíonn sna háiteanna sin

príomhghnéithe nádúrtha, plandaí agus ainmhithe

an comhghaol atá ag na gnéithe seo le saol agus le hobair na ndaoine (m.sh. lochanna á n-úsáid chun turasóirí a mhealladh, aibhneacha ag soláthar uisce, sléibhte ag dul i gcion ar fheirmeoireacht)

athruithe ar imshaoil nádúrtha agus na cúiseanna leo sin

Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile

- príomhghnéithe an imshaoil fhoirgnithe sa dúiche áitiúil agus i gceantar codarsnach in Éirinn a iniúchadh agus a imscrúdú agus léirthuisint a ghnóthú orthu

bunús na lonnaíochta

logainmneacha, ainmneacha sráideanna: a mbunús agus a gciall

cruth nó leagan amach gnéithe lonnaíochtaí sa cheantar scaipthe (m.sh. teach feirme aonair) nó i lonnaíochtaí tiomsaitheacha (m.sh. grúpaí d'áitribh nó d'fhoirgnimh)

saghsanna éagsúla áitreabh sa cheantar: tithe, iostáin, árasáin, carbháin, leantóirí, tithe so-aistrithe san áireamh

cúiseanna agus torthaí daoine bheith gan dídean tí

suíomh agus feidhmeanna foirgneamh

athrú, atógáil agus athúsáid foirgneamh

ábhair thógála agus patrúin choitinne agus a ngaol leis an imshaol

torthaí sionchaithimh, truaillithe agus próiseas eile ar chuma foirgneamh

Nascadh

Imshaoil nádúrtha—An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Feasacht agus cúram imshaoil

Comhtháthú

Stair—Staidéir áitiúla; Leanúnachas agus athrú le himeacht ama—Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha

OSPS: Mise agus an domhan mór; Ábhair

Eolaíocht: Dúile beo—Plandaí agus ainmhithe; Ag dearadh agus ag déanamh

Amharcealaíona: comhlánfaidh staidéar ar dhathanna, ar phatrúin agus ar uigeacht san imshaol an staidéar ar na hamharcealaíona.

Daoine i mbun oibre

- roinnt de phríomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha daoine sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn a iniúchadh agus a imscrúdú, go háirithe trí mheán staidéar praiticiúil

Bia agus feirmeoireacht

suíomh, foirgnimh agus leagan amach feirme áitiúla a imscrúdú

tionchar ithreacha agus tosca eile ar fheirmeoireacht

obair an fheirmeora i rith na bliana feasacht ar shaghsanna difriúla feirmeoireachta (m.sh. curaíocht, beostoc, déiríocht nó feirmeoireacht mheasctha, gairneoireacht, feirmeoireacht éisc, feirmeoireacht orgánach)

athruithe i gcúrsaí talmhaíochta in Éirinn (m.sh. meicniú, teicneolaíocht nua, saincheisteanna imshaoil, margaí, úsáid na talún)

díol agus dáileadh táirgí feirme

tosca agus gníomhaíochtaí a théann i gcion ar shaol feirmeoirí agus ar shaol teaghlach feirme in Éirinn (m.sh. turasóireacht feirme agus éagsúlú, tionchar an Aontais Eorpaigh)

Foraoiseacht

tosca a bhaineann le suíomh foraoiseacha obair an fhoraoiseora i rith na séasúr

obair i rith shaol na foraoise, timthriall na foraoiseachta

na saghsanna crann a fhástar agus an úsáid a bhaintear astu

tionchar foraoiseacha ar an tírdhreach agus ar an imshaol

foraoiseacht agus tionscal

Iascaireacht

suíomh na gceantar iascaireachta, na cineálacha iasc a mharaítear

oibrithe ar bháid iascaigh agus ar thalamh tirim

forbairt thionscal na hiascaireachta

na daoine agus an obair atá i gceist i ngníomhaíochtaí gaolmhara

iascaireacht agus an t-imshaol

Tionscal

tosca a bhaineann le láithreán agus suíomh monarchan nó tionscail

amhábhair, próisis agus táirgí

dáileadh agus díol

obair na ndaoine atá páirteach ann

buntáistí, agus mibhuntaistí b'fheidir, do dhaoine agus don imshaol sa cheantar

patruin mhalartacha tionscail (m.sh. seanmhonarchana á ndúnadh, tionscail nua ag fás)

tábhacht treallúis áitiúil

páirt gníomhaireachtaí tionsclaíocha

Seirbhísí

seirbhís nó seirbhísí atá ar fáil sa cheantar (m.sh. seirbhísí poist, baincéireacht, údarás áitiúil, seirbhísí leabharlann, seirbhísí sláinte, miondíol, soláthar fuinnimh)

obair na ndaoine atá páirteach iontu

tábhacht na seirbhíse i saol na ndaoine

moltaí d'fhonn an tseirbhís a fheabhsú

páirt gníomhaireachtaí seirbhíse agus comhlachtaí a ghníomhaíonn sa chontae, sa tír agus faoin tuath

Turasóireacht, fóillíocht agus caitheamh aimsire

*cad a mheallann turasóirí chuig áit
saghsanna turasóireachta, daoine a
thagann ar cuairt chuig an gceantar
achair spéise, caitheamh aimsire agus
nósanna áitiúla*

*an bonneagar turasóireachta, fóillíochta
agus caithimh aimsire*

obair na ndaoine atá fostaithe

*cúram á dhéanamh d'áiseanna, moltaí
d'fhonn áiseanna a fheabhsú*

*an pháirt a ghlacann cumainn chultúrtha
agus spóirt agus cumainn dheonacha nach
iad*

*sochair agus míbhuntáistí na
turasóireachta*

*turasóireacht, fóillíocht agus caitheamh
aimsire á gcothú mar thionscal in Éirinn
agus thar lear*

lompar agus cumarsáid

- foghlaim faoi mhodhanna iompair agus faoi bhealaí iompair sa dúiche máguaird agus i gcuid chodarsnach d'Éirinn

bóithre, iarnróid, aer, uisce, píblínte (m.sh. gás)

- éirí feasach ar bhuntáistí, ar mhíbhuntáistí agus ar ghnó na modhanna seo

- foghlaim faoi na modhanna cumarsáide atá ar fáil

*cumarsáid poist agus teileafóin
meáin leictreonacha (m.sh. satailítí, an t-idirlíon)*

- éirí eolach ar obair na ndaoine a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí seo.

Nascadh

Feasacht agus cúram imshaoil—Feasacht imshaoil

Comhtháthú

Stair: Staidéir áitiúla

Eolaíocht: Ábhair; Ag dearadh agus ag déanamh

Snáithaonad Daoine agus críocha eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar roinnt gnéithe d'imshaoil agus de shaol daoine i suíomh amháin san Eoraip agus i suíomh in áit eile sa domhan

*suíomh na gceantar seo
na daoine agus na pobail a chónaíonn iontu
teanga(cha), ealaín agus cultúr, nósanna
agus traidisiúin
éadaí
súgradh, imeachtaí fóillíochta agus
caitheamh aimsire
fás nó meath faoin daonra
roinnt príomhghnéithe den imshaol nádúrtha
an chomhghaolmhaireacht idir saol na
ndaoine agus na gnéithe seo
bailte agus lonnaíochtaí
nósanna socraithe agus nósanna fánaíochta
maireachtála
mórchathracha (m.sh. cathracha i dtíortha
Eorpacha agus i dtíortha eile)
bailte seantán
obair agus ionaid oibre (m.sh. feirmeoireacht
agus buntáirgeoirí eile, tionscal, seirbhísí,
turasóireacht)
iompar agus cumarsáid
cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir na
háiteanna seo agus Éire
ceangail tráchtála, staire agus eile atá ag na
daoine seo le hÉirinn*

- feachtas mhéadaitheach faoi chomhspleáchas daoine sna háiteanna seo agus daoine in Éirinn a shaothrú
- foghlaim conas urraim agus meas a bheith aige/aici i dtaca le hilghnéitheacht na ndaoine sna ceantair seo agus in áiteanna eile sa domhan
- éirí feachtas ar ghrúpaí éagsúla daoine in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan mór a bhfuil a gcúlraí difriúil ó thaobh cine, reiligiúin nó teanga
- tuiscint a chothú ar a b(h)allraíocht sa phobal áitiúil, i bpobal an chontae agus sna pobail náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Comhtháthú

Stair: Pobail agus sochaithe ársa; Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

Eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh

Snáithaonad Lárionaid sa chontae, sa réigiún agus sa tír

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí feasach ar shuíomh chontaetha na hÉireann agus ar roinnt dá mbailte móra; bunús a gcuid logainmneacha agus a mbrí thíreolaíoch
- roinnt de na foirgnimh, de na gnéithe, de na háiseanna, de na páirceanna agus de na láithreacha tábhachtacha oibre atá iontu a aithint
- foghlaim faoi ghluaiseacht daoine chuig na lárionaid seo nó uathu
- éirí eolach ar ainmneacha agus ar shuímh phríomhchathracha an Aontais Eorpaigh agus ar roinnt dá ngnéithe iomráiteacha.

Snáithaonad Saincheisteanna trádála agus forbartha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Trádáil

- saincheisteanna trádála a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar roinnt príomh-earraí tráchtála an domhain
 - earraí tráchtála a úsáideann daoine in Éirinn (m.sh. siúcra, tae, caife, bananaí, ruibéar, ola)*
 - cá háit a dtáirgtear iad agus conas an t-imshaol ina dtáirgtear iad*
 - obair na ndaoine a sholáthraíonn na táirgí seo*
 - trádáil na dtáirgí seo*
 - déantúsaíocht, díol agus dáileadh in Éirinn*
 - tearmaí trádála, dálaí trádála córa nó éagóracha*

nó Gorta

- éirí feasach ar chúiseanna agus thionchair an ghorta
 - cúiseanna*
 - tosca imshaoil*
 - tubaistí nádúrtha*
 - tosca sóisialta agus eacnamaíocha*
 - dáileadh míchothrom talún, acmhainní nó bia*
 - tionchar*
 - ar theaghlaigh agus ar phobail*
 - ar thalamh agus ar imshaoil*
 - ar ghluaiseachtaí daonra*

- obair gníomhaireachtaí fóirithinte a iniúchadh agus éirí feasach ar pháirtíocht Éireannach iontu
- réitigh fhéideartha ar an ngorta, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmacha, a phlé
- an taithí ar an ngorta in Éirinn agus i dtíortha eile a chur i gcomparáid

nó Forbairt agus cúnamh

- léirthuisint cheart a ghnóthú ar an míchothromaíocht idir an domhan forbartha agus an domhan forásach
- roinnt de na saincheisteanna agus de na fadhbanna a bhaineann le cúnamh a iniúchadh
 - a thionchar ar an bhfaighteoir, teicneolaíocht chuí*
- roinnt eolais a chur ar bhunús agus ar obair roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar pháirtíocht na hÉireann iontu
 - Ardchoimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR)*
 - na príomheagraíochta neamhrialtais (m.sh. Trócaire, an Chros Dhearg).*

Comhtháthú

Stair: Tréimhsí athraithe agus coimhlinte—Trádálaithe, taiscéalaithe agus coilínithe ón Eoraip, An Drochshaol, Athruithe ar úinéireacht na talún in Éirinn sa naoú haois déag

Stair: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama—Bailte, forbairtí tithíochta agus uirbeacha, Fánaíocht

Snáithe: Imshaoil nádúrtha

Snáithaonad An t-imshaol nádúrtha áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na príomhghnéithe nádúrtha sa dúiche máguaird agus sa chontae a imscrúdú agus foghlaim mar gheall orthu

tréithe ar nós

ainmneacha agus a mbunús

suíomh i gcomórtas le gnéithe eile

a ngaol le príomhghnéithe na hÉireann

méid, cruth agus cuma

tionchar na haimsire agus na n-athruithe séasúracha

próisis fhisiceacha a mhúnlaigh nó a d'athraigh an ghné (m.sh. creimeadh de bharr uisce nó oighir)

de ghnéithe ar nós

sruthanna, aibhneacha, lochanna, cnoic,

droimníní, gleannta, sléibhte,

ísealchríocha, tránna, linte cladaigh, aillte,

bánna, cinn tíre

- na naisc atá idir na gnéithe seo a bhreathnú agus buntuisceint orthu a shaothrú

riasc nó portach idir dhroimníní

creimeadh líne an chósta agus tránna iarmhartacha

patrúin reatha agus draenála sa dúiche máguaird (m.sh. draenacha i gclós na scoile, sa tsráid nó i dtalamh feirme a nascadh le fo-aibhneacha, le haibhneacha agus le tuilemhánna)

- tionchar na ngnéithe seo ar phlandaí agus ar bheatha aimnmithe agus daoine a imscrúdú

an raon plandaí agus ainmhithe

bailte, gníomhaíochtaí eacnamaíocha, iompar, cumarsáid

- éirífeasach ar na bealaí inar bhain daoine, ainmhithe agus plandaí sochar as na gnéithe seo nó inar athraigh siad iad

bailiú agus soláthar uisce, giniúint fuinnimh, mianadóireacht, baint móna, feirmeoireacht, turasóireacht.

Nascadh

Imshaoil dhaonna: Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo; Ábhair

Snáithaonad Talamh, aibhneacha agus farraigí na hÉireann

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí eolach ar ainmneacha agus ar shuímh roinnt príomhghnéithe nádúrtha in Éirinn
sliabhraonta, aibhneacha, lochanna, bána, cinn tíre, oileáin
- éirí eolach ar an ngaol atá ag na gnéithe seo lena chéile, le tréithe den imshaol foirgnithe agus le gnéithe nádúrtha tábhachtacha na hÉireann
*bailte móra a tógadh gar d'aibhneacha, calafoirt i mbánna
na ceangail idir sruthán áitiúil agus abhainn mhór*
- roinnt den chomhghaolmhaireacht idir na gnéithe nádúrtha seo agus beatha plandaí, ainmhithe agus daoine a thuiscint.

Snáithaonad Gnéithe fisiceacha na hEorpa agus an domhain

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foghlaim faoi líon beag de phríomhghnéithe nádúrtha na hEorpa
na hAlpa, an Réin, an Mheánmhuir
- éirí eolach ar ainmneacha agus ar gharshuímh líon beag de phríomhghnéithe fisiceacha domhanda
príomh-shliabhraonta (m.sh. na Sléibhte Carraigeacha, na Hiomalaetha), aibhneacha móra (an Níl, an Amasóin), fásaigh (m.sh. an Sahára, an Mórfhásach Astrálach), ilchríocha, aigéin.

Snáithaonad Carraigeacha agus ithreacha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Carraigeacha

- roinnt gnáthcharraigeacha sa dúiche máguaird a bhailiú agus a aithint
- úsáid cloiche i bhfoirgniú agus i ngníomhaíochtaí daonna eile, go háirithe sa dúiche máguaird a aithint agus a iniúchadh
- buntuisctint ar struchtúr an domhain a shaothrú, ag baint úsáide as téarmaí mar chroí, maintlín, screamh, plátaí na screimhe, sreabh laibhe, bolcán, crith talún
- foghlaim faoi thréithe roinnt de na gnáthchineálacha carraige agus faoi na háiteanna is féidir teacht orthu in Éirinn agus in áiteanna eile sa domhan

éirífeasach ar na príomhghrúpaí carraige (.i. bruthcharraig, carraig dhríodair, carraig mheiteamorfach) agus ar roinnt gnáthchineálacha carraige (m.sh. eibhear, aolchloch, marmar)

Ithreacha

- samplaí d'ithreacha agus a gcomhábhair a bhailiú agus a scrúdú
- samplaí d'ithreacha ó ionaid dhifriúla sa dúiche máguaird a chur i gcomparáid *comhábhair, dath, cumas coinneála uisce a chur i gcomparáid*
- foghlaim faoin ngaol atá ag plandaí agus ag feirmeoireacht le cineálacha ithreach
- bheith eolach ar roinnt bealaí chun struchtúr na hithreach a athrú nó a fheabhsú.

Comhtháthú

Eolaíocht: Ábhair

Snáithaonad Aimsir, aeráid agus aerbhrat

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Faisnéisí aimsire

- fearas simplí a úsáid chun mionfhaisnéisí aimsire a dhéanamh agus feiniméin a chlárú
na príomhshaghsanna scamail, néalbhrat, teocht, fliuchras nó frasaíocht nach é, neart agus treo na gaoithe, brú atmaisféir (baraiméadar tí á úsáid)
- faisnéisí simplí aimsire a chlárú agus a léiriú ar bhealach córasach agus feidhm á baint as grafanna, as cairteacha agus as samhailchomharthaí meitéareolaíocha
- anailísiú ar thaifeadtaí aimsire a úsáid chun cur síos simplí ar scamail, ar mhéid an néalbhrat, ar threo na gaoithe agus ar dhálaí eile a shamhlú le saghsanna áirithe aimsire; fáistíní a dhéanamh agus a thástáil
- seanchas faoin aimsir a bhailiú, go háirithe traidisiúin agus eolas logánta

Aimsir agus aeráid

- patrúin aimsire i gcaitheamh na bliana sa dúiche máguaird a iniúchadh agus úsáid á baint as a lán saghsanna scileanna, idir scileanna grafacha agus scileanna anailíseacha
- tosú ar an difríocht idir aeráid agus aimsir a thuiscint
- roinnt feasachta a shaothrú faoi phatrúin aimsire in áiteanna eile in Éirinn agus faoi na tosca a théann i gcion ar aeráid sa dúiche máguaird agus in Éirinn
*airde, achar ón bhfarraige, achar ón Meánlíne
na gnáthghaotha, treoíocht*
- an ghaolmhaireacht idir tosca aeráide agus gnéithe de thógáil foirgneamh a iniúchadh
foscadh, treoíocht, solas na gréine, insliú, síonchaitheamh
- éirí feasach ar thréithe roinnt príomhréigiún aeráide in áiteanna difriúla sa domhan
- an ghaolmhaireacht atá idir aeráid agus beatha phlandúil, ainmhíoch agus dhaonna a iniúchadh

An t-aerbhrat

- buntuisceint ar roinnt gnéithe atmaisféaracha a fhorbairt
*nádúr an aerbhrait, airíonna an aeir
gluaiseachtaí domhanda na gaoithe, stoirmeacha agus tubaistí aimsire
timthriall an uisce
truailliú an aerbhrait.*

Comhtháthú

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Teas; Ábhair—is féidir aer a imscrúdú mar ábhar; Ag dearadh agus ag déanamh

Snáithaonad Pláinéad an Domhain sa spás

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

An Domhan agus an ghrian

- suíomh na gréine agus í ag éirí, ag dul faoi agus ag tráthanna éagsúla den lá a bhreathnú agus a chlárú
- fad agus treo scáthanna, agus tréine sholas na gréine ag tráthanna éagsúla den bhliain, a imscrúdú
- fad malartach laethanta agus oícheanta i rith na séasúr a bhreathnú
- tábhacht sholas na gréine mar fhoinsé fuinnimh d'ainmhithe agus do phlandaí a thuiscint
- éirí feasach ar thionchar na gréine ar dhálaí aerbhrait
- éirí feasach ar a bhaolaí is atá solas na gréine don radharc agus don chraiceann

An Domhan, an ghealach agus an grianchóras

- a aithint gur ranna ar leith iad an Domhan, an ghealach, an ghrian, na pláinéid eile agus a satailítí agus gur codanna den ghrianchóras iad
- buntuisctint ar an gcomhghaolmhaireacht atá idir na ranna seo a shaothrú, lá agus oíche agus gluaiseachtaí séasúracha san áireamh
- roinnt bheag de na príomh-réaltbhuíonta a aithint

an Béar Mór, an Réalta Thuaidh, Óiríon.

Snáithe: Feasacht agus cúram imshaoil

Snáithaonad Feasacht imshaoil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe taitneamhacha agus míthaitneamhacha d'imshaoil nádúrtha agus daonna a aithint, a phlé agus a léirthuisint

foirgnimh agus gnéithe den imshaol daonna ina mbaintear feidhm as ábhair aiceanta agus as ábhair eile ar mhodh taitneamhach agus atá ag teacht le scála na garchomharsanachta

- roinnt samplaí den chomhghaolmhaireacht atá idir aeráid, gnéithe aiceanta, plandaí, ainmhithe agus beatha dhaonna in imshaoil dhifriúla in Éirinn agus i roinnt de phríomhréigiúin aeráide an domhain a iniúchadh

sa gharthimpeallacht

éiceachóras crainn, fáil sceach, srutháin in Éirinn

portaigh, sléibhte, Boireann, aibhneacha i gceantair eile

foraois bháistí, tailte féaraigh, fásach, tundra

- gnéithe de ghníomhaíochtaí daonna a bhféadfadh tionchar dearfach nó dochrach a bheith acu ar imshaoil a aithint agus a imscrúdú

cur le háilleacht imshaol foirgnithe

plandaí agus ainmhithe á gcosaint

farasbarr dramhaile nó dramhaíl nach bhfuil bith-indíghrádaithe

gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an aeir nó an uisce

díchoilltiú nó fairsingiú fásaigh

athruithe ar fhoirgnimh agus ar shráid-dreach i mbailte móra

athchúrsáil agus athúsáid ábhar

- éirí feasach ar thábhacht acmhainní inathnuaite agus neamh-inathnuaite an Domhain
- léirthuisint ar na bealaí ina n-úsáideann daoine acmhainní an Domhain a chothú

mianadóireacht, iascaireacht, foraoiseacht, talmhaíocht

gaoth, uisce, breoslaí ion-taiseacha nó fuinneamh eithneach á úsáid chun fuinneamh a ghiniúint

an t-imshaol á úsáid le haghaidh

gníomhaíochtaí fóillíochta

amhábhair á bpróiseáil i ndéantúsaíocht

- léirthuisint a ghnóthú ar an ngá atá le hachmainní an Domhain a chaomhnú.

Nascadh

Gnóthófar a lán de chuspóirí an aonaid seo de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile an churaclaim thíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon.

Amharcealaíona: déanfaidh feasacht faoi dhathanna agus uigeacht san imshaol an obair sna hamharcealaíona a chomhlánú.

Corpoideachas: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Ag tabhairt aire don imshaol

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scrúdú a dhéanamh ar roinnt bealaí ina bhféadfaí imshaoil áitiúla agus imshaoil nach iad a fheabhsú nó a threisiú
- saincheist faoi imshaol áitiúil, faoi imshaol náisiúnta nó faoi imshaol domhanda a aithint agus a phlé

saincheist mar

teagmhas truaillithe

foirgneamh, monarcha nó bóthar nua á thógáil

athruithe á gcur ar fhoirgneamh

athruithe ar chleachtais feirmeoireachta

plódú tráchta agus sábháilteacht bóthair

moltaí mar gheall ar threisiú an imshaoil

téamh domhanda

ídiú chiseal an ózóin

díchoilltiú, fairsingiú fásach

cúiseanna na saincheiste nó na faidhbe a imscrúdú

bealaí chun méid na faidhbe a mheasúnú nó a thomhas a aithint agus a úsáid

gnó agus dearcadh difriúil na ndaoine atá páirteach a léirthuisint

réitigh indéanta a mholadh agus a dtionchar sin ar dhaoine agus ar an imshaol a mheá bheith páirteach i réiteach na saincheiste, más féidir

bailiú páipéir, cannaí alúmanaim nó ábhair eile le haghaidh athchúrsála a eagrú

múirín a dhéanamh de dhramhaíl i ngairdín na scoile

éirí feasach ar an ngá le fuinneamh a úsáid go ciallmhar ar scoil agus sa bhaile

- léirthuisint a ghnóthú ar an bhfreagracht atá ar an duine, ar an bpobal agus ar an tír as cúram imshaoil

coincheap na hiontaobhaíochta agus a himpleachtaí a iniúchadh

éirí eolach ar choincheap na forbartha inbhuanaithe

an gá le himshaoil a chosaint d'áitritheoirí an lae inniu agus dóibh siúd atá le teacht a léirthuisint.

Nascadh

Gnóthófar a lán de chuspóirí an aonaid seo de réir mar a thugann páistí obair i snáitheanna eile an churaclaim thíreolaíochta chun críche.

Comhtháthú

Snáithe traschuraclaim is ea *Feasacht agus cúram imshaoil* ar cuid é de na curaclaim thíreolaíochta agus eolaíochta araon.

Amharcealaíona: déanfaidh feasacht faoi dhathanna agus faoi uigeacht san imshaol an obair sna hamharcealaíona a chomhlánú.

Corpoideachas: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Measúnú

Measúnú in OSIE

Measúnú: cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim

Cuid riachtanach leanúnach den phróiseas teagaisc agus foghlama san OSIE is ea measúnú ar fhoghlaim na bpáistí: bíonn sé ina chuid de gach ceacht ar chuma éigin sa tíreolaíocht, sa stair agus san eolaíocht. Bíonn breitheanna á dtabhairt ag múinteoirí de shíor ar fhoghlaim a gcuid daltaí agus iad ag beartú conas topaicí, coincheapa agus scileanna a thionscnamh agus a fhorbairt, conas ceachtanna atá múinte a dhaingniú, conas dul chun cinn daltaí aonair a mheasúnú, conas deacrachtaí a aithint agus conas foghlaimeoirí a mholadh agus a spreagadh.

Treisiúnn an measúnú le feacht an mhúinteora ar fhoghlaim gach aon pháiste, soláthraíonn sé eolas cruinn faoina t(h)uisceint agus faoina scileanna agus tugann sé léargas ar a f(h)orbairt iomlánaíoch ar fud raon leathan na n-achar curaclaim. Soláthraíonn sé bunús chun cinnteoireachta mar gheall ar riachtanais foghlama an pháiste amach anseo, cuidiúnn sé le heispéireas oideachasúil níos fearr a phleanáil agus is cuid nádúrtha de churaclam páistelárnach forchéimnitheach é.

Rólanna an mheasúnaithe: cad chuige measúnacht san OSIE?

Treisiúnn an measúnú teagasc agus foghlaim ar roinnt bealaí. Go bunúsach, ba chóir go gcuideodh an measúnú san OSIE, amhail in achair eile den churaclam, leis an bhfoghlaim atá i ndán don pháiste a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir go léireodh an measúnú gnóthachtáil dhearfach gach páiste agus é/í i mbun staidéir ar thopaicí tíreolaíocha, stairiúla agus eolaíocha agus go léireodh sé achair i bhfoghlaim an pháiste ar féidir iad a fhorbairt. Nuair a úsáidtear ar an dóigh seo é, glacann an measúnú ról cuiditheach, *múnlaítheach* in oideachas an pháiste. Is é/í an múinteoir go bunúsach a bhainfidh leas as an eolas a gheofar faoi fhoghlaim an pháiste, ach cuirfidh sé ar chumas an pháiste freisin féinmheasúnú a dhéanamh agus spriocanna foghlama pearsanta a shocrú dó/di féin.

Léireoidh an measúnú freisin achair ina mbíonn deacrachtaí foghlama ag an bpáiste. Is féidir go gcuimseoidh na deacrachtaí a aithnítear san OSIE easnaimh i dtuisceint an pháiste, bearnaí ina c(h)uid eolais nó easpa scileanna áirithe. Agus an ról *diagnóiseach* seo á chomhlíonadh ag an measúnú ba chóir go gcuideodh sé leis an múinteoir éagsúlachtaí sa chur chuige nó sna heispéiris foghlama a aithint a chuideodh le feabhas a chur ar fhoghlaim an pháiste. Uaireanta is féidir go n-aithneofar

deacrachtaí foghlama i ngné amháin d'fhorás tíreolaíoch, staire nó eolaíoch an pháiste, ach uaireanta eile tabharfaidh easnamh a aimsítear in achar amháin eolas faoi fhoghlaím an pháiste sna hachair eile den OSIE chomh maith. Baineann a lán cineálacha eispéiris teagaisc agus foghlama sa tíreolaíocht, sa stair agus san eolaíocht leas agus úsáid as raon leathan scileanna agus coincheapa sa chaoi go dtig leis an OSIE freisin deiseanna úsáideacha a sholáthar chun fianaise a fháil faoi dhul chun cinn páiste in achair mar mhatamaitic, theanga agus fhorás sóisialta.

Ba chóir go soláthródh an measúnú fianaise faoi ghnóthachtáil fhoriomlán an pháiste go tráthrialta agus ar bhealach rianúil. Is féidir an measúnú a úsáid chun an ról *suimitheach* seo a chomhlíonadh tráth a bhféachann múinteoirí le torthaí na foghlama a thabhairt chun grinnis tar éis aonad oibre a chríochnú nó tráth a dtugann siad tuairisc do dhreamanna seachas an páiste, mar shampla nuair a labhraíonn siad le tuismitheoirí agus leis na múinteoirí eile mar gheall ar dhul chun cinn an pháiste.

Is féidir leis an measúnú cuidiú leis an múinteoir freisin oiriúnacht an chláir san OSIE atá roghnaithe ag an múinteoir agus an scoil d'aoisghrúpa ar leith a mheas, agus tig leis cabhrú leis an múinteoir éifeacht na n-acmhainní oideachais, na modhanna teagaisc agus na saghsanna éagsúla cur chuige a úsáidtear a mheasúnú. Nuair a leagtar an ról *meastóireachta* seo ar an measúnú, cuidíonn sé leis an múinteoir a aithint conas a d'fhéadfaí eispéireas foghlama an pháiste a fheabhsú.

Measúnú sa tíreolaíocht

Measúnú agus nádúr na tíreolaíochta: cad ba chóir a mheasúnú?

Sa tíreolaíocht foghlaimeoidh páistí faoin Domhan, chomh maith lena áitritheoirí agus a imshaoil agus faoin gcomhghaolmhaireacht atá eatarthu. Iniúchfaidh siad agus éireoidh siad eolach ar shaol daoine in imshaoil éagsúla agus ar na ceangail atá acu siúd leis na gnéithe nádúrtha agus daonna atá le fáil sna háiteanna sin. Éireoidh leo freisin tuiscint a fháil ar conas a chuidigh próisis nádúrtha agus daonna chun imshaoil a chruthú nó a athrú. Tá sé i gceist leis seo go ngnóthóidh siad eolas faoi imshaoil agus ag an am céanna go bhforbrófar a scileanna tíreolaíocha agus go saothrófar dearcadh agus luachanna tábhachtacha iontu. Mar sin, má tá measúnú na tíreolaíocha le bheith bailí, caithfidh sé féachaint le gnóthachtáil agus dul chun cinn an pháiste i ngach ceann de na gnéithe seo den fhoghlaím a thomhas.

Snáitheanna agus snáithaonaid

Tá an curaclam tíreolaíochta leagtha amach i líon snáitheanna agus snáithaonad. Rianaíonn siad seo achair eolais an churaclaim agus taispeánann siad conas is féidir scileanna cuí a shaothrú de réir mar a thugtar an obair ar na haonaid chun críche. Raon na ngnéithe, na bpróiseas agus na n-imshaol tíreolaíoch atá le hiniúchadh i ngach snáithe agus doimhneacht an phlé a bhfuil súil léi, léirítear iad sin tríd an bhforbairt fhorchéimnitheach agus an leathnú a thagann ar na snáithaonaid de réir mar a théann an páiste ar aghaidh ó rang go chéile. Léiríonn an roinn *Pleanáil ranga* sna treoirlínte do mhúinteoirí conas is féidir na snáithaonaid a chomhshnaidhmiú le scéimeanna agus le haonaid oibre. Ceann de na gnéithe tábhachtacha i measúnú na tíreolaíochta is ea na réimsí eolais a rianaítear sna haonaid oibre seo.

Léirítear sa churaclam gur féidir a lán den obair sa churaclam do na naíonáin go dtí rang 2 a ghnóthú de thoradh téamaí agus topaicí comhtháite, agus ba chóir don mheasúnú bheith sách solúbtha le go bhféadfaí é a oiriúniú leis an gcur chuige oideolaíoch seo. Caithfidh teicníochtaí measúnaithe aird a thabhairt freisin ar an raon ilghnéitheach imshaol is féidir a úsáid mar bhunús don obair thíreolaíoch sna meánranganna agus sna hardranganna, agus ar na critéir ba chóir a chur san áireamh agus curaclam leathan cothrom sa tíreolaíocht á phleanáil.

De bharr na solúbthachta a chuirtear ar fáil sa churaclam agus toisc go mbíonn ar an bpáiste staidéar a dhéanamh ar ghnéithe d'imshaoil áitiúla agus náisiúnta agus d'imshaoil níos faide i gcéin is den riachtanas é go mbeadh pleanáil chuimsitheach agus idir mheasúnú agus chlárú suimitheach éifeachtach á ndéanamh sa scoil.

Scileanna agus coincheapa tíreolaíocha

Is é forbairt agus cur i bhfeidhm scileanna agus coincheap tíreolaíoch an dara gné thábhachtach de mheasúnú bailí na tíreolaíochta. Ag gach leibhéal den churaclam rianaíonn na míreanna *Tuiscint d'áit agus do spás, Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha* agus *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha* na scileanna agus na coincheapa ba chóir a fhorbairt nuair a bhíonn an páiste ag glacadh páirte i mbreathnú agus in imscrúdú an imshaoil agus nuair a bhíonn eolas spásúlach, eolas faoi shuíomh agus eolas tíreolaíoch eile á léiriú aige/aici ar phleananna, ar léarscáileanna, ar mhionsamhlacha agus ar bhealaí nach iad. Is mar léiriú ar an gcéim scile ar chóir bheith ag súil leis ag gach leibhéal a liostaítear na cuspóirí agus na heiseamláirí atá faoi gach ceannteideal sna míreanna seo. I gcoitinne, níor chóir na scileanna tíreolaíocha seo a shaothrú go leithliseach ach ba chóir go ngnóthófaí iad de réir mar a thagann siad i gceist i gcomhthéacs na hoibre a bhaineann le himshaoil áitiúla agus le himshaoil eile.

Is de nádúr scileanna é go mbeadh gníomhaíochtaí próisis i gceist agus mar sin is féidir nach mbeifí in ann dul chun cinn agus gnóthachtáil iontu a dhearbhu láithreach nó a chlárú go héasca, go háirithe i gcás scile mar bhreathnú. Is fearr a léirítear tuiscint agus máistreacht pháistí ar scileanna tíreolaíocha ach iad sin bheith á gcur i bhfeidhm nuair a bhíonn imshaoil agus na gnéithe agus na próisis a fhaightear iontu á n-íniúchadh agus á n-imscrúdú. Úsáidfídh an páiste scileanna tíreolaíocha agus é/í ag obair ina (h)aonar, ach go minic is fusa a thabharfar cur i bhfeidhm scileanna faoi deara in obair ghrúpa, i ndíospóireacht ranga agus i ngníomhaíochtaí lasmuigh.

Déanfar a lán de na scileanna a shaothraítear sa tíreolaíocht, amhail breathnú aonair, meas, tomhas, tuar agus anailísiú, a chomhlánú lena macasamhail de scileanna sa churaclam eolaíochta. Ar an gcaoi chéanna, is féidir go mbeidh cumas an pháiste ar scileanna, amhail meas, tomhas, anailísiú, clárú agus cur in iúl, a chur i bhfeidhm, ag brath ar ghnéithe de na curaclaim mhataimaitice, eolaíochta agus theanga. Bheadh an rud céanna i gceist freisin i gcás na gcoincheap seo: spás, suíomh coibhneasta, fad, treo agus peirspictíocht aerga, a rianaítear in *Tuiscint d'áit agus do spás* agus in *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*.

Má tá measúnú le bheith ina tháscaire bailí ar scileanna agus ar thuiscint thíreolaíoch an pháiste caithfear gach iarracht a dhéanamh chun a léiríonn sé/sí i raon de ghníomhaíochtaí i suímh éagsúla foghlama a chlárú agus a aithint. Mar chuid de mheasúnú, caithfear uirlisí a úsáid ar féidir leo na miondifríochtaí sa phróiseas foghlama seo a thabhairt faoi deara agus ar féidir leo foghlaim an pháiste a mheasúnú i gcomhthéacs na n-imshaol a bhfuil taithí aige/aici siúd orthu.

Luachanna, dearcadh agus freagrachtaí

Cúram eile a bheidh i gceist i measúnú na tíreolaíochta is ea na luachanna agus an dearcadh a fhorbraítear sa pháiste de réir mar a bhíonn sé/sí ag déanamh staidéir ar thopaicí tíreolaíocha. Cuirtear béim sa churaclam ar an bpáirt is féidir leis an tíreolaíocht a ghlacadh maidir le freagracht as cothabháil agus treisiú an imshaoil a shaothrú agus as léirthuisceant a chothú ar an gcomhghaolmhaireacht atá idir na dúile beo uile agus a n-imshaoil. Chomh maith leis sin cothaíonn an tíreolaíocht dearcadh oscailte ceisteach, meas ar ilghrúpaí eitneacha, cultúrtha, reiligiúnacha agus sóisialta agus léirthuisceant ar chomhspleáchas daoine ar a chéile.

Cothaítear an dearcadh iolartha seo trí churaclam cothrom a theagasc ina bpléitear le topaicí tíreolaíocha as imshaoil áitiúla, as imshaoil náisiúnta agus as imshaoil níos fairsinge, a spreagann an páiste chun scileanna agus coincheapa tíreolaíocha a chur i bhfeidhm ar bhealach oscailte criticiúil. Ar nós na scileanna, ní féidir forbairt an dearcadh seo sa pháiste a thomhas ach amháin i gcomhthéacs díospóireachtaí agus dálaí foghlama údaracha. Mar sin, nuair a bhíonn dearcadh an pháiste ar an tíreolaíocht á mheasúnú, caithfear brath go mór ar bhreathnóireacht an mhúinteora agus ar a b(h)reith ghairmiúil ar chur chuige agus ar fhrithghníomhú an pháiste i leith topaicí agus gníomhaíochtaí tíreolaíocha.

Gléasanna measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Caithfidh measúnú sa tíreolaíocht eolas agus tuiscint an pháiste ar chúrsaí imshaoil, gnóthú scileanna tíreolaíocha agus forbairt dearcadh a mheasúnú. Beidh gá le raon de ghléasanna measúnaithe: teicníochtaí measúnaithe neamhfhoirmiúla ar thaobh amháin agus cur chuige níos struchtúrtha ar an taobh eile. Ba chóir go bhfásfadh na cineálacha éagsúla cur chuige go nádúrtha as an teagasc agus as an bhfoghlaim, agus beidh a n-éifeacht ag brath ar scileanna cinntitheacha seo an mhúinteora: breathnóireacht, éisteacht, idirghníomhú leis an bpáiste agus scrúdú ar thorthaí na dtascanna foghlama a úsáidtear sa tíreolaíocht.

Tá siad seo ar na gléasanna a bheidh rí-úsáideach don scoil:

breathnóireacht an mhúinteora

tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir

samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail

próifílí curaclaim.

Ba chóir a thuiscint nach móide go mbeidh sé indéanta nó inmhianaithe feidhm a bhaint as na gléasanna seo uile i ngach dáil foghlama nó laistigh d'achar ama faoi leith.

Breathnóireacht an mhúinteora

Soláthróidh na sonraí faoi fhoghlaím an pháiste a dtugann an múinteoir suntas dóibh i ndálaí foghlama éagsúla roinnt den eolas is tábhachtaí faoi dhul chun cinn an pháiste. Bainfear feidhm as an eolas seo chun luas na gceachtanna a shocrú, chun na straitéisí teagaisc is oiriúnaí a roghnú, agus chun an gá atá le treisiú breise nó le hobair fhorlíonach chuí a aithint. Is féidir a lán a fhoghlaím ach freagairt an pháiste i ndálaí éagsúla a bhreathnú agus a nótaíl, dálaí mar:

- na freagraí a thugann an páiste ar cheisteanna agus ar mholtaí an mhúinteora
- rannpháirtíocht an pháiste i ndíospóireachtaí ranga faoi ghnéithe, phróisis, idirghníomhú agus fheiniméin thíreolaíocha
- an chaoi a ndéanann an páiste saincheisteanna imshaoil a bhaineann le himshaoil ilghnéitheacha a aithint agus a phlé
- rannpháirtíocht an pháiste in iarrachtaí a dhéantar chun an t-imshaoil a threisiú agus chun fadhbanna imshaoil a réiteach
- idirghníomhú an pháiste le daoine eile le linn díospóireachtaí agus obair ghrúpa
- an úsáid a bhaineann an páiste as ábhair foghlama.

Is féidir breathnóireacht a dhéanamh ar fhoghlaím na bpáistí sa tíreolaíocht go teagmhasach, ach uaireanta teastóidh ón múinteoir dul chun cinn na bpáistí a mheasúnú ar bhealach níos struchtúrtha. Agus breathnóireacht dá leithéid ar siúl, is féidir don mhúinteoir díriú ar ghrúpa daltaí seachas ar an rang go léir agus inniúlacht na bpáistí a bhreathnú ar bhealach níos beaichte. Is féidir leis an múinteoir páirt ghníomhach a ghlacadh sna himeachtaí trí bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí, ag caint leis an bpáiste nó ag cur ceisteanna air/uirthi, agus sa chaoi sin ag fáil léargais ar an tuiscint atá ag an bpáiste ar choincheapa tíreolaíocha agus ar an máistreacht atá aige/aici ar scileanna tíreolaíocha. Má bhreacann an múinteoir síos nóta simplí faoin mbreathnóireacht gheobhaidh sé/sí go mbeidh ar a c(h)umas obair bhreise don pháiste aonair, don ghrúpa nó don rang a phleanáil ar bhealach níos beaichte agus níos rianúla.

Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir

Agus iad ag obair ar aonaid an churaclaim tíreolaíochta beidh na páistí ag plé le raon de ghníomhaíochtaí foghlama. Tig leis an múinteoir na gníomhaíochtaí foghlama seo uile, nach mór, a úsáid chun fianaise faoi dhul chun cinn na bpáistí a bhreathnú agus a bhailiú fad a bhíonn siad siúd ag iniúchadh feiniméan agus próiseas tíreolaíoch agus ag cur scileanna tíreolaíocha i bhfeidhm.

Ba chóir go bpléifeadh na páistí le raon leathan gníomhaíochtaí, ar a n-áireofaí:

- cuntais a thabhairt ar thosca imshaoil a breathnaíodh nó a ndearnadh staidéar orthu, agus cur síos orthu ó bhéal agus i bhfoirm scríofa nó pictiúrtha
- eolas a bhailiú as foinsí mar bhreathnóireacht bhunaidh san imshaol, agallaimh agus leabhair, fhoinsí leictreonacha agus an idirlíon agus ábhair eile sa seomra ranga agus sa leabharlann
- grinnbhreathnú laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de
- torthaí imscrúdaithe a thuar
- meas, tomhas agus comparáid a dhéanamh
- nithe agus próisis a anailísiú
- daoine, eachtraí agus feiniméin nádúrtha a shórtáil agus a ghrúpáil
- patrúin a aithint
- cártaí oibre nó bileoga gníomhaíochta a thugann treoir don pháiste faoi conas tascanna áirithe a dhéanamh a chomhlánú
- tabhairt faoi raon tascanna lasmuigh
- obair thionscadail atá críochnaithe agus obair atá idir lámha a chur ar taispeáint agus tuairisciú uirthi
- gnéithe den ghrafacht a úsáid
- cláir ríomhaire idirghníomhacha ilmheánacha a úsáid a chuireann ar chumas an pháiste téamaí agus topaicí tíreolaíocha a iniúchadh agus raon tascanna, dúcheisteanna nó fadhbanna a chomhlánú
- léarscáileanna agus cruinneoga a úsáid
- taighde tíreolaíoch a chomhlánú go neamhspleách, agus na torthaí a chlárú agus a chur i láthair
- trialacha athbhreithnithe a cheapadh an múinteoir ar aonad nó aonaid oibre a chomhlíonadh
- plé go praiticiúil le himscrúdú nó le treisiú imshaol
- ceisteanna a chur faoi ghéithe den imshaol.

Is féidir na trialacha agus na tascanna sin a dhearann an múinteoir agus atá nasctha go dlúth leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama a úsáid chun eolas an pháiste ar thopaicí tíreolaíocha agus a c(h)umas ar scileanna tíreolaíocha a úsáid araon a mheasúnú. Nuair is raon de thascanna a úsáidtear féachtar chuige go mbíonn leithne sa clár agus spreagtar an páiste chun fairsinge iomlán a t(h)uisceana tíreolaíche a léiriú. Má chuimsíonn na tascanna meáin seachas an scríbhneoireacht beidh ar chumas an mhúinteora leibhéal tuisceana tíreolaíche na bpáistí sin nach bhfuil a scileanna litearthachta sách forbartha a mheasúnú.

Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail

Is féidir dul chun cinn na bpáistí sa tíreolaíocht a thaifead agus a mheasúnú i gcaitheamh téarma, bliana nó tréimhse níos faide ach raon samplaí dá gcuid oibre a chruinniú i mbailiúcháin tíreolaíochta. Braithfidh an t-ábhar a thaiscfear sna bailiúcháin: samplaí den obair atá ar siúl nó scoth na samplaí críochnaithe chomh maith le léirmheas an mhúinteora ar pholasaí na scoile maidir le measúnú agus ar an ngá atá le hionramháil, le mionscrúdú agus le stóráil na mbailiúchán a bheith soláimhsithe.

Soláthróidh na gníomhaíochtaí foghlama ilghnéitheacha a mbeidh an páiste páirteach iontu sa churaclam tíreolaíochta raon oibre ónar féidir samplaí a roghnú. Ba chóir obair seo an pháiste a chur san áireamh nuair a bhíonn ábhar don bhailiúchán á roghnú: iarrachtaí léarscáilíochta, grianghraif de mhionsamhlacha a foirgníodh agus de cheantair ar tugadh cuairt orthu, leabhráin a comhlánaíodh ar loirg nó ina ndiaidh, torthaí saothair thionscadail, bileoga ar cláraíodh turgnaimh orthu, dioscaí ríomhaire agus saghsanna eile stórála leictreonaí mar aon le hobair scríofa i gcóipleabhair agus i bhfoirmeacha eile.

Ní hamháin go bhfuil na bailiúcháin oibre thar a bheith oiriúnach do mheasúnú na tíreolaíochta, ach soláthróidh siad atreisiú deimhneach don fhoghlaimeoir freisin. Tig leis an bpáiste aosta bheith freagrach as bail cheart a choinneáil ar a b(h)ailiúchán, rud a fhágfaidh go mbeidh sé/sí mórálach as a bhfuil gnóthaithe aige/aici, agus is féidir é seo a threisiú a thuilleadh má spreagtar an páiste chun na samplaí is fearr dá bhfuil aige/aici a roghnú don bhailiúchán. Soláthraíonn na bailiúcháin scéim don scoil chun taifid a choinneáil, scéim atá simplí ach fós éifeachtach, agus is féidir leo tacú leis an measúnú suimitheach ar dhul chun cinn an pháiste. Cuideoidh anailísiú na mbailiúchán oibre leis an múinteoir meastóireacht a dhéanamh ar an ábhar, ar na modhanna teagaisc agus ar na héagsúlachtaí sa chur chuige ar bhain sé/sí féin feidhm astu agus spreagfaidh sí an fhoireann teagaisc lena n-eispéiris teagaisc agus measúnaithe a roinnt ar a chéile.

Próifílí curaclaim

Is é atá sna próifílí curaclaim ná roinnt táscairí gnóthachtála, .i. abairtí gearra a rianaíonn an raon, maidir le heolas, le scileanna agus le dearcadh tíreolaíoch, a dhlífi den pháiste ag na céimeanna difriúla foráis. Féachann an múinteoir le torthaí a c(h)uid breathnóireachta ar pháistí agus ar a gcuid oibre agus táscairí na próifíle a chur i gcóimheas le chéile nuair a bhíonn foghlaim ar siúl nó nuair a thugtar aonad chun críche agus go tráthrialta ag amanna eile. Sa tslí seo is féidir leis an múinteoir an táscaire a úsáid chun cuidiú leis/léi teacht ar bhreith ghairmiúil faoi dhul chun cinn an pháiste. Uaireanta is féidir na táscairí a ghrúpáil ina dtacair, i riocht ailt ghearr b'fhéidir, d'fhonn cur síos ginearálta ar an ngnóthachtáil ag líon áirithe sainleibhéal a sholáthar. Is féidir an phróifíl a úsáid freisin chun dul chun cinn na bpáistí a chlárú de réir mar a léiríonn siad máistreacht ar na táscairí. Is féidir í a úsáid ansin chun tacú leis an measúnú suimitheach agus chun tuismitheoirí agus daoine eile a chur ar an eolas.

Dhéanfaí measúnú iontaofa, bailí an churaclaim thíreolaíochta a éascú go mór ach próifílí tíreolaíocha cuí a fhorbairt. Soláthróidh na scileanna agus na coincheapa tíreolaíocha a rianaítear sna míreanna *Tuiscint d'áit agus do spás, Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha agus Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha*, bunús óna bhforbrófaí roinnt de na táscairí a dhéanfaí a áireamh i bpróifíl thíreolaíoch, agus thagródh táscairí eile do na hachair eolais atá rianaithe sna snáitheanna ábhair agus don dearcadh a bhfuil cur síos air in aidhmeanna agus i gcuspóirí leathana an churaclaim. Ba chóir cuimhneamh freisin ar an dlúthcheangal atá idir snáithaonaid agus míreanna scileanna an churaclaim thíreolaíochta agus an curaclam eolaíochta.

Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe san OSIE

Ós é bunaidhm an mheasúnaithe i gcónaí cur le heispéireas foghlama an pháiste, is den riachtanas é nach laghdófaí an tréimhse theagaisc de thoradh teicníochtaí measúnaithe a bheith in úsáid sa tíreolaíocht agus in achair eile den OSIE. Ba chóir treoir a bheith ar fáil do mhúinteoirí i bpolasaí na scoile don tíreolaíocht faoi ghléasanna measúnaithe a úsáid ar bhealach soláimhsithe intaofa a bheadh comhtháite go dlúth leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Soláthrófar cur chuige cothrom praiticiúil i leith an mheasúnaithe sa scoil má dhéantar cur chuige coiteann a fhorbairt agus a úsáid maidir le torthaí breathnóireachta múinteoirí agus torthaí eispéiris foghlama a chlárú agus maidir le bailiúcháin agus próifílí curaclaim a thiomsú.

Ag clárú agus ag cur in iúl

Cruthaíonn breathnóireacht an mhúinteora, tascanna agus trialacha a cheapann an múinteoir, samplaí oibre nó bailiúcháin oibre, próifíle curaclaim agus cártaí próifíle na bpáistí córas cuimsitheach le dul chun cinn agus gnóthachtáil gach páiste sa tíreolaíocht agus i gclár iomlán an OSIE a mheasúnú. Nuair a dhéantar an t-eolas seo a chomhroinnt ar an bhfoireann teagaisc agus é a phlé cuireann sé ar chumas múinteoirí a gcuid saineolais a mhalartú agus comhthuiscint ar dhul chun cinn daltaí agus ar mheasúnú san OSIE a fhorbairt (próiseas a dtugtar *modhnóireacht* air). Cuideoidh comhoibriú dá leithéid leis na múinteoirí féachaint chuige go mbeidh leanúnachas agus iontaofacht ag baint le húsáid na ngléasanna measúnaithe.

Ba chóir go soláthródh an raon d'uirlisí measúnaithe san OSIE eolas riachtanach faoi fhoghlaím an pháiste dó/di féin, do mhúinteoirí, do scoileanna, do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla nach iad, sa chaoi go mbeadh sé níos éasca cinneadh ar chomhairle mar gheall ar fhoghlaím an pháiste amach anseo.

Cárta próifíle dalta

Éascófar clárú agus cur in iúl an eolais seo faoi dhul chun cinn an pháiste ach cárta próifíle dalta a úsáid. Is é ba chóir a bheith sa chárta próifíle dalta, cárta arbh fhéidir go bhforbrófaí é lena úsáid sna bunscoileanna uile, ná measúnú suimitheach ar dhul chun cinn an pháiste sna hachair churaclaim go léir agus ar ghnéithe eile dá f(h)orás.

Breithiúnas gairmiúil an mhúinteora ar fhorás an pháiste sa tíreolaíocht bunaithe ar thorthaí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a rinneadh i rith na bliana a bheidh i ngné amháin den chárta próifíle dalta. Ba chóir an mhír den chárta a bhaineann leis an OSIE a bheith sách solúbtha chun freastal ar chomh comhtháite is atá an t-achar seo den churaclam i ranganna na naíonán agus i ranganna 1 agus 2. Ós rud é gur chóir don chárta bunús pleanála a sholáthar d'fhoghlaím an pháiste amach anseo i rang nó i scoil eile, ba chóir eolas mar gheall ar an raon de thopaicí tíreolaíocha atá iniúchta ag an bpáiste a bheith mar chuid den chárta nó bheith nasctha leis.

Ba chóir na féidearthachtaí agus na buntáistí a ghabhann le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a iniúchadh ó thaobh éascaíocht a dhéanamh do chlárú, do stóráil agus d'aistriú cártaí próifíle dalta, agus iad a úsáid dá mb'fhéidir, nuair a bheadh aon chóras próifílithe dalta á cheapadh lena chur i bhfeidhm go forleathan.

Aguisín

Gluais

acmhainn (nádúrtha)	gné den imshaol (mar mhianraí, bhreoslaí ion-taiseacha, ithreacha nó aeráid) ar féidir í a úsáid chun riaradh ar riachtanais dhaonna; déantar acmhainní inathnuaite a athnuachan go nádúrtha (m.sh. fuinneamh na gréine, fliuchras) ach tá acmhainní neamh-inathnuaite foirceanta sa chaoi gur ídiú an toradh a bhíonn ar iad a shaothrú (m.sh. breoslaí ion-taiseacha agus mianraí)
aeráid	na meándálaí aimsire a áirítear i réigiún áirithe i gcaitheamh achair fhada ama, 30 bliain ar a laghad
aerbhrat	an ciseal gás (nítrigin 78% agus ocsaigin 21% go háirithe) a thimpeallaíonn an Domhan
aerga	ón aer sa bhunchiall; úsáidtear an téarma chun cur síos ar radharc anuas, mar shampla peirspictíocht aerga
ailínigh	<i>féach treoshuigh</i>
ainéimiméadar	gléas chun luas na gaoithe a thomhas (agus a chlárú)
airde	achar os cionn mheánleibhéal na farraige
baraiméadar	gléas chun brú an aerbhrait a thomhas
brú an aerbhrait	an brú a chuireann meáchan an aerbhrait ar dhromchla an Domhain; tagann laghdú air le hairde os cionn leibhéal na farraige agus athraíonn dálaí aimsire é; is féidir é a thomhas le baraiméadar agus a chur in iúl i bhfoirm órlaí, milleabar nó heicteapascal brú
bruthcharraig	carraig a rinneadh de thoradh ábhar carraige leáite nó magma a sholadú; mar shampla, bruthcharraigeacha is ea eibhear agus basalt
Bun-fhadlíne	an líne dhomhanfhaid a théann trí Greenwich, gar do Londain; tomhaistear na línte domhanfhaid eile ina gcéimeanna soir nó siar ón bhfadlíne seo
carraig dhríodair	carraig a cumadh de chisil dríodair, cisil a rinneadh nuair a tháinig meath ar charraigeacha eile nó ar ábhar orgánach agus gur sil-leagadh an bruscar in imshaoil mar aigéin agus farraigí doimhne; mar shampla, carraigeacha dríodair is ea gaineamhchloch agus cailc

carraig mheiteamorfach	carraig a díorthaíodh ó charraig a bhí ann roimpi agus a athraíodh trí oibriú teasa agus/nó brú; mar shampla, carraig mheiteamorfach is ea marmar a dhéantar nuair a chuirtear aolchloch faoi theas agus faoi bhrú
ceantar/domhan forásach	ceantar nó réigiún a bhfuil rathúnas eacnamaíoch á chothú ann; mar choinbhéarta ceantair fhorbartha a thuigtear é go minic
ceantar/domhan forbartha cianbhrath	ceantar nó réigiún a bhfuil eacnamaíocht rathúil ann
	bealach chun eolas a fháil faoi ghné nó fheiniméan i gcéin gan teagmháil go fisiceach leis; mar shampla, d'fhéadfaí eolas a fháil ó bhraiteoirí in aerárthaigh (amhail i ngrianghraf aerga) nó ó shatailít (amhail in íomhánna satailíte a léiríonn úsáid talaimh nó teocht)
cineálacha scamail	téarmaí a úsáidtear chun scamail a rangú de réir crutha agus airde agus cibé acu a n-iompraíonn siad báisteach nó nach n-iompraíonn; is féidir páistí bunscoile a chur ar an eolas maidir leis na trí phríomhchruth, .i. ciorras (clúmhach), stratas (leathán nó ciseal), cumalas (carntha)
Ciorcal Antartach	an líne dhomhanleithid 66.5°D (féach <i>domhanleithead</i>)
Ciorcal Artach	an líne dhomhanleithid 66.5°T (féach <i>domhanleithead</i>)
ciorras	féach <i>cineálacha scamail</i>
claonmhéadar comhrian	gléas a úsáidtear chun uillinn airde fhána a thomhas
	líne shamhailteach a cheanglaíonn na pointí go léir atá ar comhairde os cionn nó faoi bhun leibhéil na farraige; an líne seo agus í tarraingthe ar léarscáil
creimeadh	ídiú carraige nó dromchlaí eile a tharlaíonn trí ghníomhú uisce reatha, oighir, gaoithe, toinne nó trí phróisis cheimiceacha; bíonn giotú agus aistriú ábhair araon i gceist le creimeadh
croí na cruinne	an chuid lárnach den Domhan

cultúr	na creidimh, an t-iompar agus an bealach maireachtála iomlán a mbíonn grúpa daoine páirteach ann; mogalra nó córas creideamh, idéanna, samhailchomharthaí luachanna, iompair agus caidrimh shóisialta maille lena chuid uirlisí, a chuid foirgneamh, a shaothair ealaíne agus cineálacha eile léirithe ealaíonta a thíolacann glúin amháin don chéad ghlúin eile
cumalas	féach <i>cineálacha scamail</i>
domhanfhad	fad uilleach soir nó siar ón mBun-fhadlíne (.i. an líne dhomhanfhaid a théann trí Greenwich, gar do Londain) tomhaiste ina chéimeanna; tagann na línte domhanfhaid go léir le chéile ag an bPol Thuaidh agus ag an bPol Theas agus trasnaíonn siad na línte domhanleithid go dronuillinneach
domhanleithead	fad lastuaidh nó laistear den Mheánchiorcal á thomhas mar uillinn i leith lár an domhain ina chéimeanna; is é 0° an Meánchiorcal, 90° T an Pol Thuaidh agus 90° D an Pol Theas; bíonn línte domhanleithid comhthreomhar leis an Meánchiorcal; féach <i>Meánchiorcal</i> , <i>Trópaic an Phortaín</i> , <i>Trópaic an Ghabhair</i> , <i>an Ciorcal Artach</i> , <i>an Ciorcal Antartach</i>
eangach	córas línte comhthreomhara a thrasnaíonn a chéile go dronuillinneach agus a sholáthraíonn sraith chearnóg ar léarscáil i dtreo gur féidir cur síos ar gach pointe laistigh de na cearnóga trí chomhordanáidí nó thagairtí eangaí a úsáid; ar léarscáil shimplí úsáidtear córas eangaí alfa-uimhriúil ina ngairtear A, B, C, srl. ar an ais ingearach agus 1, 2, 3, srl. ar an ais chothrománach agus soláthraíonn sé seo tagairtí eangaí mar 4A agus 2C
éiceachóras	córas a chumtar ag na horgánaigh uile agus a n-idirghníomhú lena chéile agus lena n-imshaol fisiceach; mar shampla, chuimseofaí iad seo in éiceachóras fáil sceach: ithir, plandaí, feithidí agus ainmhithe eile, a gcomhspleáchas agus a gcomhghaolta
eochair	míniú ar na comharthaí ar an scáthlíniú agus ar na dathanna a úsáidtear ar léarscáil
fachtóir suímh	fachtóir nó cúis a spreagann daoine chun bailte, áiteanna oibre nó gnéithe eile a bhunú in áit áirithe; mar shampla, d'fhéadfadh fáil ar dhea-naisc iompair bheith ina fachtóir suímh i gcás tionscail

feiniméin	eachtraí ar féidir staidéar a dhéanamh orthu nó iad a mhíniú go heolaíoch; mar shampla, d'fhéadfadh feiniméin aimsire iad seo a chuimsiú: fliuchras, stoirm, ardú teochta nó foirmiú scamall
foinsí leictreonacha	foinsí eolais ar a n-áirítear dlúthdhioscaí, dioscaí ríomhaire, foinsí ar líne (mar iad sin atá ar fáil tríd an ríomhphost agus tríd an idirlíon) agus gach saghas eile teicneolaíochta eolais agus cumarsáide (TEC)
foirgnithe	daonnaithe a thóg; mar shampla, chuimseodh gnéithe foirgnithe an tírdhreacha nithe mar iad seo: foirgnimh, bóithre, bóithre iarainn, páirceanna, ballaí nó sreanga leictreachais i dtimpeallacht fhoirgnithe is daoine a thóg formhór na ngnéithe nó iad uile
forbairt inbhuanaithe	acmhainní nádúrtha bheith á n-úsáid go críonna agus go réasúnach i dtreo go ndéanfaí cáilíocht an imshaoil a chothabháil, a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin atá ann anois agus do na glúine atá le teacht
gaothrós	samhail ghrafach a léiríonn minicíocht na ngaoth a shéideann ó ocht bpríomhaird an chompáis
grafach	ag baint le <i>grafacht</i>
grafacht	ceann de na ceithre bhealach ina gcuireann daoine eolas in iúl (litearthacht, uimhearthacht, labharthacht, grafacht); an cumas ar eolas spásúlach agus eolas nach é a chlárú, a chur in iúl agus a chiallú trí mhodhanna nach mbraitheann go príomha ar dhóigheanna briathartha nó uimhriúla a úsáid; tá úsáid na nithe seo i gceist sa ghrafacht: léarscáileanna, pleananna, léaráidí, grianghraif, mionsamhlacha, cruinneoga, léirithe leictreonacha agus modhanna nach iad
grianghraf aerga	grianghraf a thógtar ó ionad ardaithe, ó aerárthach go hiondúil ach ó shatailít chomh maith; tig leis bheith sceabhach nó ingearach
grianghraf aerga ceartingearach	grianghraf a thógtar ó aerárthach nó ó shatailít le ceamara atá dírithe síos go ceartingearach; taispeántar nithe atá i lár an ghrianghraif a ghintear i riocht fíorphlean

grianghraf aerga
sceabhach

grianghraf a thógtar ó aerárthach nó ó shatailít le ceamara atá dírithe ar fiar in áit bheith ingearach; bíonn gnéithe den radharc ó chothrom talún maille le gnéithe den fhíorphlean san grianghraf a ghintear sa chaoi go mbíonn foirgnimh agus gnéithe eile i bhfad níos so-aitheanta

grúpa eitneach

grúpa laistigh de phobal níos líonmhaire atá idealaithe uathu de thoradh tréithe mar bhunús coiteann tíreolaíoch, theanga, chultúr nó thraidisiún reiligiúnacha

imshaol

an timpeallacht uile nó na dálaí seachtracha uile ina maireann daoine, ainmhithe agus plandaí

imshaol cultúrtha

gnéithe d'imshaoil chultúrtha is ea gníomhaíochtaí ealaíne reiligiúnacha, eitneacha, eolaíochta, teicneolaíochta agus caithimh aimsire

imshaol sóisialta

gnéithe d'imshaoil shóisialta is ea patrúin iompraíochta dhaonna, na forais shóisialta a fhorbraíonn daoine, agus na córais pholaitiúla agus eacnamaíocha a úsáideann siad

íocónach

i bhfoirm pictiúir; úsáidtear an téarma chun cur síos ar ghnéithe de léarscáil páiste—tithe nó crainn, b'fhéidir—a tharraingítear i bhfoirm pictiúir i gcodarsnacht le gnéithe mar chosáin agus bhóithre a léirítear i riocht fíorphlean

íomhá chianbhraite
laibhe

íomhá a fhaightear trí chianbhrath a úsáid

carraig leáite nó magma a bhrúchtann aníos as bolcán nó scoilt ar dhromchla an Domhain

léarscáil chognaíoch
léarscáil mhionscála

meabhairléarscáil nó meabhairíomhá stóráilte d'áit

na gnéithe go mion inti; dá laghad é an scála is ea is lú sonraí is féidir a thaispeáint ach is ea is mó an t-achar talún

léarscáil mhórsála

léarscáil ina léirítear ceantar beag agus ina dtaispeántar na gnéithe go han-mhion; dá mhéad é an scála is ea is mó sonraí is féidir a thaispeáint ach is ea is lú an t-achar talún

léarscáil
treochomharthaí

léarscáil a léiríonn an treo chuig nithe nó chuig suímh éagsúla ó lárphointe; mar shampla, d'fhéadfadh deasc páiste bheith i lár léarscáile treochomharthaí agus saigheada bheith ag spré amach uaidh ag léiriú an treo chuig nithe sa seomra

lonnaíocht	aon saghas áitribh dhaonna, ó thíos aonair go dtí na cathracha is mó; an próiseas is siocar le lonnaíochtaí
lonnaíocht chnuasta	clachan d'áiteanna cónaithe nó d'fhoirgnimh eile
lonnaíocht scaipthe	patrún lonnaíochta ina mbíonn áitrimh nó foirgnimh eile scaipthe in áit bheith bailithe le chéile
magma	carraig leathleáite a bhíonn le fáil faoi screamh an Domhain
maintlín	an chuid sin den Domhan atá idir an croí agus an screamh
meánchiorcal	mórchiorcal an Domhain atá ag domhanleithead 0° agus atá ar comhfhad ó na poil
na Trópaicí	an t-achar idir Trópaic an Phortáin agus Trópaic an Ghabhair
néalbhrat	an codán measta den spéir a bhíonn clúdaithe le néalta; cuirtear i bhfoirm ochtuithe (okta) é de ghnáth
plátaí na screimhe	na codanna móra dolúbtha lena bhfuil screamh an Domhain cumtha; tig leis na plátaí seo bogadh go mall i leith a chéile
príomhairde	ceithre phríomhaird an chompáis, tuaisceart, oirthear, deisceart, iarthar
próiseas	athrú leanúnach a chumtar de shraith ghníomhartha nó eachtraí; mar shampla, áirítear creimeadh agus sil-leagan ar phróisis nádúrtha agus tráchtar ar phróisis mar lonnaíocht, imirce agus thrádáil i dtíreolaíocht dhaonna
scála Beaufort	scála luais gaoithe a cheap Sir Francis Beaufort i 1805; síneann sé ó 0 (calm) go dtí 12 (hairicín níos mó ná 120 km/u)
screamh	ciseal seachtrach an Domhain
sil-leagan	ábhar atáthar tar éis a chreimeadh agus a iompar bheith á leagan síos; mar shampla, tharlódh go sil-leagfaí ábhar a chreim abhainn mar dheilt nó go sil-leagfaí carraig a chreim an fharraige mar thrá

síon-chaitheamh

an próiseas trína ndéantar carraigeacha a dhianscaoileadh nó a dhealú ó chéile ar dhromchla an Domhain nó gar dó, toisc iad a bheith gan chosaint ó uisce, aerbhrat agus ábhar orgánach; baineann síonchaitheamh le briseadh carraigeacha, ach bíonn síonchaitheamh agus aistriú chun siúil an smionagair charraige a ghintear i gceist le creimeadh

sráid-dreach

an t-imprisean a fhágann gnéithe daonna agus nádúrtha d'achar uirbeach ar na céadfaí (ar an radharc go príomha)

stratas

féach *cineálacha scamail*

suigh

féach *treoshuigh*

táirge príomhúil

táirge tionscail phríomhúil

tionscail príomhúil

nádúrtha; mar shampla, feirmeoireacht, iascaireacht, fiach agus mianadóireacht (féach *tionscal tánaisteach* agus *tionscal seirbhíse*)

tionscal seirbhíse

trádáil dháileach (mar shampla, miondíol agus mórdhíol), forais airgeadais, tráchtála agus oideachais, seirbhísí iompair agus cumarsáide, gairmeacha agus seirbhísí pearsanta, riarachán poiblí agus cosaint, seirbhísí tógála, deisithe agus cothabhála; úsáidtear an tionscal go minic mar shéan forbartha i gcás grúpaí daoine toisc go léiríonn sé an chéim dul chun cinn eacnamaíoch a bhíonn déanta acu (féach *tionscal príomhúil* agus *tionscal tánaisteach*)

tionscal tánaisteach

próiseáil amhábhhar nó earraí bia; earraí nó ábhair á ndéanamh trí shaothar coirp nó trí chumhacht mheicniúil (féach *tionscal príomha* agus *tionscal seirbhíse*)

tírdhreach

cló dromchla iomláin ceantair thuaithe nó uirbigh ar bith, na gnéithe nádúrtha agus daonna araon san áireamh

tírghné

cruth, cló agus nádúr gné atá ar dhromchla an domhain, mar shampla cnoc, sliabh, trá

topagrafaíocht

cur síos ar ghnéithe dromchla áite

treoíocht

an treo ina bhfuil rud ag tabhairt aghaidhe; úsáidtear go minic í chun cur síos ar thalamh fhánach nó ar fhoirgneamh i leith na gréine

treoshuigh

léarscáil a shocrú nó a ailíniú i dtreo go bhfuil líne thuaidh-theas ar an léarscáil comhthreomhar le líne thuaidh-theas ar an talamh; tabharfaidh treoshuíomh léarscáileanna agus pleananna d'achair bheaga ar pháistí óga áiteanna réadúla a nascadh lena samhlacha ar léarscáil

Trópaic an Ghabhair

an líne dhomhanleithid 23.5°D

Trópaic an Phortáin

an líne dhomhanleithid 23.5°T

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirligh	Angela Griffin (<i>ó 1995</i>)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Helen Kennedy-Martin (<i>go 1995</i>)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Micheál Ó Déaghaidh	Cumann Múinteoirí Éireann
Baill an Choiste	Br Thomas Costello	Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna
	Peadar Cremin	Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais
	Margie Cullen	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Marie Danaswamy	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	David Fitzgerald	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Henry Goff	Cumann Múinteoirí Éireann
	Angela Griffin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Kathleen Horgan (<i>go 1996</i>)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Jim Hourihane	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
	Helen Kennedy-Martin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Frankie McGrath (<i>go 1995</i>)	Cumann Múinteoirí Éireann
	James Malseed	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Sheelagh Morrow	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Sr Mairéad Ní Choinín	Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
	Treasa Ní Fhearraigh (<i>ó 1996</i>)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Siobhán Ní Mhuirthile	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
	Éamonn Ó Breacáin	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Tomás Ó Briain	Cumann Múinteoirí Éireann
	Colm Ó Ceallacháin	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Micheál Ó Cinnéide (<i>ó 1995</i>)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Micheál Ó Mathúna	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Pádraig Ó Murcháin	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Brian Tubbert	Cumann Múinteoirí Éireann
Oifigigh oideachais	Harold Hislop	
	Carmel O'Doherty	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (ó 1995)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigeartha (ó 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (ó 1995)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (go 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (ó 1995)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (go 1995)	
Leas- phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (ó 1995)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (go 1996), Dr Caroline Hussey (ó 1996)

ISBN 0-7076-6304-0



9 780707 663043



AN ROINN
OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA

DEPARTMENT OF
EDUCATION
AND SCIENCE

National
Council for
Curriculum
and Assessment

An Chomhairle
Náisiúnta
Curaclaim agus
Measúnachta

NCCA